Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11809/26**
**ADD 1**

**CLIMA 394**
**ENV 932**
**AGRI 584**
**FORETS 108**
**ENER 515**
**IND 481**
**COMPET 945**
**DELACT 111**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4666 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4666 final - Annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 4666 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2026
C(2026) 4666 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú**

IARSCRÍBHINN

## MODHEOLAÍOCHTAÍ DEIMHNIÚCHÁIN DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 1, 2 AGUS 3

### SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'gníomhaíocht incháilithe' gníomhaíocht atá incháilithe do dheimhniúchán faoi Rialachán (AE) 2024/3012;

(2) ciallaíonn 'féarthalamh buan' talamh a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha nó trína shaothrú agus nár áiríodh in uainíocht bharr an oibreora le 5 bliana anuas nó níos mó agus, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, nár treabhadh, ná nár saothraíodh, ná nár athshíolaíodh le cineálacha éagsúla féir nó le foráiste luibheach eile, le 5 bliana anuas nó níos mó;

(3) ciallaíonn 'ithir orgánach' ithir orgánach arna suí i gcomhréir le Treoirlínte 2006 an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC)[1] ('Treoirlínte 2006 IPCC') nó faoi shainmhínithe náisiúnta a nglactar leo faoi thuairisciú ar fhardail gás ceaptha teasa (GCT). Is ithreacha mianracha iad ithreacha nach ithreacha orgánacha iad;

(4) ciallaíonn 'doimhneacht an mhaoschláir' airde dhromchla an uisce fhréataigh i gcoibhneas le dromchla na hithreach;

(5) ciallaíonn 'limistéar gníomhaíochta' an limistéar nó na limistéir arna dteorannú ó thaobh spáis de ina ndéantar an ghníomhaíocht;

(6) ciallaíonn 'móin' ábhar ithreach arb é atá ann ábhar plandaí atá dianscaoilte go páirteach agus atá carntha faoi dhálaí leathbháite;

(7) ciallaíonn 'tréimhse dheimhniúcháin' an tréimhse idir iniúchadh athdheimhniúcháin agus an t-iniúchadh deimhniúcháin nó an t-iniúchadh athdheimhniúcháin is deireanaí roimhe sin;

(8) ciallaíonn 'athnuachan' tús tréimhse gníomhaíochta nua agus síneadh ama a chur leis an tréimhse faireacháin atá ann faoi láthair;

(9) ciallaíonn 'aga ídithe móna' an tréimhse a n-imeodh an tsraith mhóna iomlán lena linn in éagmais na gníomhaíochta;

(10) ciallaíonn 'stratam' limistéar ina bhfuil dálaí bithfhisiceacha aonchineálacha, amhail aeráid agus cineál ithreach, agus ag a bhfuil stair bhainistíochta;

(11) ciallaíonn 'calabrú' próiseas trína ndéantar paraiméadar agus luachanna tairiseacha a choigeartú i samhail ionas go ndéantar réamh-mheas níos cruinne léi ar na luachanna tomhaiste;

---

[1] Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa, Imleabhar 4 *Agriculture, Forestry and Other Land Use*, Caibidil 3 *Default climate and soil classifications*, Iarscríbhinn 3A.5.

(12) ciallaíonn ‘bailíochtú’ an próiseas chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht samhla maidir le luachanna tomhaiste, lena léirítear a feidhmíocht shásúil i dtéarmaí oiriúnachta agus tréithriú earráide tuartha samhla.

## 1. TUAIRISC AR AN nGNÍOMHAÍOCHT FEIRMEOIREACHTA CARBÓIN

### 1.1. Critéir incháilitheachta

#### *1.1.1. Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha*

1.1.1.1. Gníomhaíocht incháilithe

Déanfar an ghníomhaíocht incháilithe ar ithreacha mianracha talmhaíochta (talamh curaíochta agus féarthalamh) agus cumhdófar léi aon chleachtas amháin nó níos mó ón liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

(a) cleachtais talmhaíochta lena méadaítear glanaistrithe carbóin in ithreacha nó lena laghdaítear glanastaíochtaí $CO_2$ ó ithreacha, amhail:

- (i) bainistiú feabhsaithe barr lena méadaítear cumhdach ithreach agus/nó lena méadaítear ionchur carbóin san ithir, amhail barra cumhdaigh, uainíocht barr, coinneáil fuíll barr;
- (ii) cleachtais curaíochta caomhnaithe lena laghdaítear suaitheadh ithreach;
- (iii) talamh curaíochta a thiontú ina fhéarthalamh;
- (iv) bainistiú feabhsaithe féarthalaimh amhail innilt uainíochta nó báinseacha measctha;
- (v) feabhsaitheoirí orgánacha ithreach[2] nó leasacháin orgánacha[3] a úsáid;

(b) cleachtais agrafhoraoiseachta lena méadaítear glanaistrithe carbóin i mbithmhais bheo, amhail:

- (i)plandú crann laistigh de dháileachtaí, amhail agrafhoraoiseacht foraoistréadach nó agrafhoraoiseacht foraoischuraíochta;
- (ii)eilimintí adhmadacha a chur idir dáileachtaí, amhail fálta nó gnéithe tírdhreacha eile;
- (iii)barra adhmadacha ilbhliantúla nua;

(c) cleachtais talmhaíochta agus agrafhoraoiseachta lena laghdaítear astaíochtaí díreacha agus indíreacha $N_2O$ ó ithreacha talmhaíochta bainistithe, amhail:

- (i)leasú beacht;
- (ii)barra léagúmacha a fhás nó feabhsaitheoirí ithreach nó bithspreagthaigh plandaí a úsáid in ionad leasacháin nítrigine mianraí[4];
- (iii)athrú ar chineál na dtáirgí leasacháin;
- (iv)coscairí nítriúcháin, coscairí dínítriúcháin, nó coscairí úiréáise a úsáid.

---

[2] I gcomhréir le Catagóirí Feidhme Táirge a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I, 3, de Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1009/oj)

[3] I gcomhréir le Catagóirí Feidhme Táirge a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I, 1(a) de Rialachán (AE) 2019/1009.

[4] I gcomhréir leis na Catagóirí Feidhme Táirge a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I, 6 de Rialachán (AE) 2019/1009.

Féadfar teaglaim de roinnt cleachtas a chur i bhfeidhm sa limistéar gníomhaíochta.

1.1.1.2. Ceanglais incháilitheachta

Beidh feidhm ag na ceanglais incháilitheachta seo a leanas:

(a) ní bhainfear crainn ná eilimintí adhmadacha eile atá ann cheana mar thoradh ar an ngníomhaíocht;

(b) ní dhéanfar an ghníomhaíocht ar thalamh inar íslíodh an maoschlár go saorga trí úsáid córas nua draenála tar éis an 1 Eanáir 2023;

(c) níl na cleachtais curaíochta caomhnaithe dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(ii) incháilithe ach amháin má chomhcheanglaítear iad le cleachtais le linn na huainíochta lena méadaítear an t-ionchur carbóin sna hithreacha;

(d) ní dhéanfar tiontú talaimh curaíochta ina fhéarthalamh dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(iii) ná bainistiú feabhsaithe féarthalaimh dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(iv) ar thalamh inar tiontaíodh féarthalamh buan ina thalamh curaíochta tar éis an 1 Eanáir 2023;

(e) níl na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(v) incháilithe ach amháin má dhéantar iad a chomhcheangal leis na cleachtais fheabhsaithe bainistithe barr le linn na huainíochta dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(i);

(f) maidir leis na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(v), ní fhéadfar bithghualach a leathadh ach amháin i gcás ina gceadaítear leis an gcur chuige cainníochtaithe an buanchodán carbóin sa bhithghualach[5] a eisiamh ó chainníochtú stoc carbóin orgánaigh san ithir;

(g) ní dhéanfar na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (b), ar thalamh inar baineadh na córais agrafhoraoiseachta a bhí ann cheana tar éis an 1 Eanáir 2023, ach amháin i gcás inar tharla sé sin chun teagmhais dóiteáin, lotnaidí nó gaothstoite a rialú;

(h) níl na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1., pointe (c), incháilithe ach amháin má chomhlánaíonn siad na cleachtais dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) den Roinn sin agus beidh sé d'aidhm acu feabhas a chur ar éifeachtúlacht úsáide nítrigine i ndáil le táirgeadh barr, is é sin, an cóimheas idir an nítrigin a baineadh leis an mbarr buainte agus an nítrigin a leathadh ar an ithir, agus leibhéil táirgeachta barr sa limistéar gníomhaíochta a choinneáil ar bun;

(i) leis an ngníomhaíocht, déanfar criosanna maolánacha bruachánacha, amhail foraoisí bruachánacha, stiallacha maoláin, móinéir nó féaraigh, feadh sruthanna sa limistéar gníomhaíochta, a chothabháil i gcomhréir le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

Chun críocha na gcleachtas dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1., pointe (b), déanfar cleachtais bhainistíochta ar bhealach lena n-íoslaghdófar na tionchair dhiúltacha ar cháilíocht na hithreach agus ar shláinte ithreach. I gcás speicis crann a mheasfar a bheith mí-oiriúnach ar

[5] A thagann faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/285 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin a bhunú.

[6] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).

bhonn an mheasúnaithe riosca arna dhéanamh faoi Roinn 4.1.2, ní bheidh siad incháilithe. Chun críocha na gcleachtas dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (b)(iii), cuirfear i bhfeidhm aon chleachtas talmhaíochta amháin ar a laghad a liostaítear i Roinn (a).

*1.1.2. Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú*

1.1.2.1. Gníomhaíocht incháilithe

Is é an toradh a bheidh ar an ngníomhaíocht incháilithe go n-ardófar an maoschlár in ithreacha orgánacha agus i dtailte portaigh agus féadfar na cleachtais seo a leanas a chumhdach léi:

(a) struchtúir dhraenála a bhlocáil, damba a thógáil orthu, iad a líonadh nó iad a bhaint;

(b) baint uisce a laghdú nó a stopadh, lena n-áirítear sa dobharcheantar mianraí agus i screamhuisce, agus struchtúir os cionn talún a chruthú nó a éascú lena gcuirtear bac ar rith chun srutha i gcás uisce dromchla baistí.

Féadfar na cleachtais dá dtagraítear sa chéad mhír a chur i bhfeidhm in éineacht leis an méid seo a leanas:

(a) athbhunú gníomhach fásra a ndéantar móin as agus baint éadomhain barrithreach díghrádaithe nó fásra neamhthipiciúil;

(b) riascshaothrú.

1.1.2.2. Ceanglais incháilitheachta

Beidh feidhm ag na ceanglais incháilitheachta seo a leanas:

(a) ní dhéanfar an ghníomhaíocht ar thalamh inar íslíodh an maoschlár go saorga trí úsáid córas nua draenála tar éis an 1 Eanáir 2023;

(b) féadfar ithreacha mianracha a áireamh sa limistéar gníomhaíochta má chuirtear san áireamh na hathruithe ar astaíochtaí ar na hithreacha sin mar thoradh ar an ngníomhaíocht;

(c) ní bhainfear aon mhóin sa limistéar gníomhaíochta;

(d) áireofar leis an ngníomhaíocht cleachtais[7] chun aon riosca dá hinmharthanacht a mhaolú, i gcomhréir le ceanglais náisiúnta nó fhonáisiúnta, i gcás inarb infheidhme;

(e) maidir le riascshaothrú dá dtagraítear i Roinn 1.1.2.1, an dara mír, pointe (b), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

 (a) déanfar suaitheadh ithreach a íoslaghdú nuair a dhéantar síolú, bainistiú nó buaint, i gcomhréir leis an dea-chleachtas atá ar fáil;

 (b) ní dhéanfar bithmhais faoi thalamh a bhuain agus ní fhéadfar caonaigh a bhuaint ach amháin ó láithreáin ina saothraítear go gníomhach iad.

*1.1.3. Foraoisiú*

1.1.3.1. Gníomhaíocht incháilithe

Beidh sé ina thoradh ar an ngníomhaíocht incháilithe go ndéanfar foraoisiú orthu seo a leanas:

(a) féarthalamh;

[7] Amhail leibhéil bhogthaise a ardú tríd an gcumhdach fásra a mhéadú nó trí bhaint uisce san abhantrach a laghdú. Féadfar treoraíocht bhreise a sholáthar maidir leis na cleachtais maolaithe riosca sin i scéimeanna deimhniúcháin.

(b) talamh curaíochta;

(c) talamh inar lú ná 10 % den limistéar gníomhaíochta clúdach corónach na gcrann tearc atá ann cheana ina n-iomláine sna 20 bliain roimh thús na tréimhse gníomhaíochta.

D'fhéadfaí a áireamh leis an ngníomhaíocht plandú agus síolú díreach agus cleachtais lena gcumasaítear nó lena n-éascaítear athghiniúint nádúrtha.

1.1.3.2. Ceanglais incháilitheachta

Beidh feidhm ag na ceanglais incháilitheachta seo a leanas:

(a) Ní dhéanfar foraoisiú ar fhéarthalamh dá dtagraítear i Roinn 1.1.3.1, pointe (a), ná foraoisiú ar thalamh curaíochta dá dtagraítear i Roinn 1.1.3.1, pointe (b), ar thalamh ina raibh clúdach corónach na gcrann tearc atá ann cheana ina n-iomláine níos mó ná 10 % den limistéar gníomhaíochta tar éis an 1 Eanáir 2023;

(b) ní bhainfear crainn ná eilimintí adhmadacha eile atá ann cheana mar thoradh ar an ngníomhaíocht, ach amháin i gcás ina n-áirítear iad sa liosta de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 ón gCoimisiún[8] nó i gcás ina léirítear gur gá iad a bhaint chun scaipeadh pataiginí a theorannú;

(c) is é 0,5 ha a bheidh i méid íosta an limistéir gníomhaíochta;

(d) ní fhéadfar an ghníomhaíocht a dhéanamh ar thailte portaigh ach amháin má dhéantar iad a athfhliuchadh;

(e) ar ithreacha orgánacha seachas tailte portaigh, ní bheidh ísliú an mhaoschláir ná díghrádú ithreach d'aon chineál ina dtoradh ar an ngníomhaíocht;

(f) léireofar leis an ngníomhaíocht an comhdhéanamh speiceas réamh-mheasta is gnách i gcás na ndálaí nádúrtha áitiúla arna gcinneadh ar bhonn dálaí ithreach, dálaí hidreolaíocha agus dálaí aeráide agus tosca áitiúla sonracha amhail a bheith faoi lé na gaoithe;

(g) is é comhdhéanamh measctha speiceas an cur chuige coiteann a bheidh ann, trína bhféadfar speiceas amháin a chur i bhfeidhm i gcásanna ina léirítear leis sin an comhdhéanamh nádúrtha speiceas agus inarb é sin an speiceas is iomchuí atá in oiriúint do dhálaí aeráide agus ithreach;

(h) cé is moite d'athghiniúint nádúrtha, beidh an dlús plandaithe ar feadh na tréimhse gníomhaíochta i gcomhréir le dlúis phlandaithe nó le ceanglais choibhéiseacha is infheidhme sa Bhallstát ina gcuirtear an ghníomhaíocht chun feidhme;

(i) déanfar cleachtais bhainistíochta ar bhealach lena n-íoslaghdófar tionchair dhiúltacha ar cháilíocht na hithreach agus ar shláinte ithreach. Go sonrach:

(i)ní cheadófar curaíocht ach amháin chun an láithreán a ullmhú agus plandaí/síolta a chur, ag tús na gníomhaíochta nó má phlandaítear crainn ag céimeanna níos déanaí chun caillteanais de dheasca teipe nó buainte a aisghabháil;

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2016 lena nglactar liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 14.7.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1141/oj).

(ii)ar thalamh curaíochta, tabharfar tús áite do churaíocht nach mó ná 15 cm ar doimhneacht, ach féadfar curaíocht suas le 30 cm ar doimhneacht a dhéanamh, i gcás inar gá, chun bunú rathúil na gcrann arna bplandú a áirithiú.

(iii) ar fhéarthalamh, ní dhéanfar aon churaíocht;

(iv) ní cheadófar lomadh ach amháin a mhéid agus a fhad is gá chun spás fáis a sholáthar do na crainn agus chun críoch dóiteáin a chosc.

Chun críocha na chéad mhíre, pointe (f), i gcás speicis crann a mheasfar a bheith mí-oiriúnach ar bhonn an mheasúnaithe riosca arna dhéanamh i gcomhréir le Roinn 4.1.2, ní bheidh siad incháilithe, cé is moite de speicis a léirítear sa phlean gníomhaíochta dá dtagraítear i Roinn 1.3.1 go raibh rath orthu san am atá caite nó ar bhonn trialach sa réigiún agus go bhféadfaidís a bheith oiriúnach amach anseo. Ní úsáidfear speicis neamhdhúchasacha, ach amháin i gcás ina léireofar nach bhfuil na speicis dhúchasacha ná a mbunáitíocht in oiriúint a thuilleadh do dhálaí réamh-mheasta aeráide agus peidihidreolaíocha an limistéir gníomhaíochta agus nach ndéanann roghnú na speiceas neamhdhúchasach, lena n-áirítear a n-ábhar atáirgthe foraoise, dochar do dhálaí éiceachórais.

Chun críocha na chéad mhíre, pointe (g), i gcás ina mbeidh feabhas tagtha ar na dálaí fáis tosaigh, tabharfaidh oibreoirí speicis bhreise isteach, lena n-áirítear trí bhunaíocht nádúrtha, a bheidh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chéad mhír, pointe (f).

I gcás nach féidir foráil na chéad mhíre, pointe (i)(iii), a chomhlíonadh mar gheall ar dhálaí ithreach áitiúla, féadfar curaíocht suas le 30 cm ar doimhneacht a dhéanamh agus cuimseofar an t-údar cuí ábhartha sa phlean gníomhaíochta.

## 1.2. Tréimhse ghníomhaíochta agus tréimhse faireacháin

### *1.2.1. Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha*

#### 1.2.1.1. Tréimhse ghníomhaíochta

Is éard a bheidh i bhfad na tréimhse gníomhaíochta:

(a) maidir leis na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointí (a) agus (c): 5 bliana, a fhéadfar a athnuachan suas le trí huaire ar feadh tréimhsí den fhad céanna;

(b) maidir leis na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (b): 15 bliana, a fhéadfar a athnuachan aon uair amháin ar feadh tréimhse den fhad céanna.

Tráth a chuirfear isteach an plean gníomhaíochta dá dtagraítear i Roinn 1.3.1, féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí gealltanas a thabhairt go mbeidh tréimhse ghníomhaíochta fhoriomlán 20 bliain ar a mhéad ann le haghaidh na gcleachtas dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointí (a) agus (c), nó 30 bliain ar a mhéad le haghaidh na gcleachtas dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (b).

#### 1.2.1.2. Tréimhse faireacháin

Tosóidh an tréimhse faireacháin an tráth céanna leis an gcéad tréimhse ghníomhaíochta agus beidh deireadh léi:

(a) i gcás cleachtais lena méadaítear glanaistrithe carbóin in ithreacha nó i mbithmhais bheo, dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointí (a) agus (b): 5 bliana níos déanaí ná an chéad tréimhse ghníomhaíochta nó, i gcás athnuachaintí, 5 bliana níos déanaí ná an tréimhse ghníomhaíochta nua;

(b) i gcás cleachtais lena laghdaítear glanastaíochtaí $CO_2$ ó ithreacha nó lena laghdaítear astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha talmhaíochta bainistithe, dá

dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointí (a) agus (c): an tráth céanna leis an tréimhse ghníomhaíochta.

Féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí gealltanas a thabhairt maidir le tréimhse faireacháin níos faide tráth a chuirfear isteach an plean gníomhaíochta tosaigh nó athbhreithnithe.

*1.2.2. Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú*

1.2.2.1. Tréimhse ghníomhaíochta

Is 10 mbliana ar a laghad a bheidh i bhfad na tréimhse gníomhaíochta. Mairfidh sí 30 bliain ar a mhéad nó an t-aga ídithe móna arna shainaithint sa limistéar gníomhaíochta iomlán in éagmais na gníomhaíochta, cibé acu is gaire. Féadfar an tréimhse ghníomhaíochta a athnuachan suas go dtí an tréimhse uasta fhoriomlán chéanna. Is é a bheidh sa ráta ídithe móna:

(a) 1.0 cm in aghaidh na bliana ar thailte portaigh ina bhfuil dálaí aigéadacha agus atá gann ar chothaithigh, agus a fhaigheann uisce ó fhrasaíocht go príomha, amhail portaigh;

(b) 1.5 cm in aghaidh na bliana ar thailte portaigh ar mhórán cothaitheach a fhliuchtar le screamhuisce nó le huisce dromchla, amhail eanaigh.

Méadófar na figiúirí sin i gcás creimeadh móna trí ghníomhaíocht uisce, gaoithe nó seaca agus féadfar iad a laghdú i gcás ina léireoidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí, le réasúnaíocht eolaíoch, go bhfuil an ráta níos ísle, e.g. i dtalamh portaigh atá draenáilte go héadomhain nó i dtalamh portaigh atá íseal ó thaobh cothaitheach i gcriosanna aeráide an tuaiscirt.

Tacófar le cinneadh na rátaí ídithe móna ábhartha le faisnéis iontaofa infhíoraithe ar bhonn tacar sonraí ábhartha, nó le litríocht eolaíoch a bhaineann leis an limistéar gníomhaíochta nó le réigiúin inchomparáide.

Srathófar an limistéar gníomhaíochta ar bhonn doimhneachtaí móna inchomparáide agus agaí ídithe móna roimh thús na tréimhse gníomhaíochta.

Déanfar doimhneacht na móna a thomhas i ngréasán nó i dtraschriosanna atá córasach nó srathaithe go randamach le cumhdach agus spásáil iomchuí ionas gur féidir na doimhneachtaí móna ábhartha a chinneadh go leormhaith agus go cuimsitheach ar fud an limistéir gníomhaíochta ar fad.

I gcás difríochtaí ábhartha idir airdí dromchla amhail ar láithreáin ina mbaintí móin, beidh roghnú na bpointí tomhais doimhneachta móna faoi threoir shamhail airde dhigiteach ardtaifigh den limistéar gníomhaíochta.

Déanfar tomhais doimhneachta móna a chroíleacú suas le doimhneacht 50 cm ar a mhéad. Leanfar prótacail eolaíocha chaighdeánacha i ndáil leis an gcroíleacú, agus tabharfar údar cuí leis an modh roghnaithe sa phlean gníomhaíochta.

Le linn na chéad 5 bliana den ghníomhaíocht, beidh easpa buaicleibhéil ó thaobh astaíochtaí meatáin inchreidte bunaithe ar fhaireachán ar fhásra agus ar dhoimhneacht an mhaoschláir nó asbhainfear 10 dtona de choibhéis $CO_2$ in aghaidh an heicteáir gach bliain ón nglantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach. Sna cásanna dá dtagraítear i Roinn 3.2.1, an tríú mír, pointí (a) agus (b), níl gá le hinchreidteacht easpa buaicleibhéil meatáin nó asbhaint 10 dtona de choibhéis $CO_2$ in aghaidh an heicteáir, i gcás inar thosaigh an ghníomhaíocht 5 bliana ar a laghad sula ndearna an t-oibreoir iarratas ar scéim deimhniúcháin nó sula ndeachaigh sé isteach i ngrúpa oibreoirí, nó 5 bliana ar a laghad sular aithníodh an scéim deimhniúcháin faoina bhfuil an t-oibreoir deimhnithe.

1.2.2.2. Tréimhse faireacháin

Beidh tús agus deireadh leis an tréimhse faireacháin an tráth céanna leis an tréimhse ghníomhaíochta. I gcás athnuachaintí, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse faireacháin fhadaithe an tráth céanna leis an tréimhse ghníomhaíochta nua.

*1.2.3. Foraoisiú*

1.2.3.1. Tréimhse ghníomhaíochta

Is 35 bliana a bheidh i bhfad na tréimhse gníomhaíochta.

Ní cheadaítear aon athnuachan.

1.2.3.2. Tréimhse faireacháin

Cuirfear tús leis an tréimhse faireacháin an tráth céanna leis an tréimhse ghníomhaíochta agus 40 bliain ar a laghad a mhairfidh sí.

Féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí gealltanas a thabhairt maidir le tréimhse faireacháin níos faide tráth a chuirfear isteach an plean gníomhaíochta tosaigh nó athbhreithnithe.

**1.3. Pleanáil agus tuairisciú**

*1.3.1. Plean gníomhaíochta*

Áireofar an méid seo a leanas sa phlean gníomhaíochta:

(a) faisnéis ghinearálta:

(i)úinéireacht dhlíthiúil agus faisnéis teagmhála;

(ii)teorainneacha geothagartha an limistéir gníomhaíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, cóid ón gCóras Comhtháite Náisiúnta Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) agus ón gCóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún, agus méid bheartaithe an limistéir gníomhaíochta;

(iii)fad na tréimhse gníomhaíochta, lena n-áirítear an dáta tosaigh;

(iv)an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2358 ón gCoimisiún[9];

(b) maidir leis na ceanglais incháilitheachta:

(i)tuairisc ar na cleachtais a bheartaítear;

(ii)fianaise ar úsáid talún roimhe seo, ar bhonn foinsí amhail an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún, tomhais a rinneadh le déanaí nó sonraí cianbhraiteachta;

(c) maidir leis an gcritéar cainníochtaithe:

(i)an bhonnlíne mheasta, lena n-áirítear na toimhdí a úsáideadh chun í a ríomh, arna miondealú de réir aistrithe carbóin, astaíochtaí ithreach agus astaíochtaí GCT eile a bhaineann leis an ngníomhaíocht;

(ii) na haistrithe carbóin agus/nó na hastaíochtaí ithreach measta agus na gáis ceaptha teasa a ghinfear mar thoradh ar an ngníomhaíocht, arna miondealú de

9 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2358 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le scéimeanna deimhniúcháin, comhlachtaí deimhniúcháin, agus iniúchtaí faoi Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2358, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2358/oj).

réir aistrithe carbóin iomlána, astaíochtaí iomlána ithreach, agus astaíochtaí GCT eile a bhaineann leis an ngníomhaíocht;

(d) maidir leis an gcritéar breisíochta:

(i)tástáil rialála;

(ii)tástáil ar éifeacht dreasachta;

(iii)tástáil ar inmharthanacht airgeadais;

(e) maidir leis an gcritéar stórála, faireacháin agus dliteanais:

(a) measúnú ar rioscaí go dtarlódh aisiompú;

(b) cleachtais a bheartaítear chun maolú a dhéanamh ar rioscaí go dtarlódh aisiompú;

(iii)an sásra dliteanais arna roghnú;

(f) maidir leis an gcritéar inbhuanaitheachta:

(i)tuairisc ar mar a chomhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais íosta inbhuanaitheachta dá dtagraítear i Roinn 5.1;

(ii)tuairisc ar mar a chomhlíonann an ghníomhaíocht an oibleagáid comhthairbhí a ghiniúint chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach agus díghrádú talún a sheachaint;

(iii)i gcás inarb infheidhme, comhthairbhí inbhuanaitheachta ionchasacha eile;

(g) plean faireacháin mar a shonraítear i Roinn 1.3.2.

*1.3.2. Plean faireacháin*

Is éard a bheidh sa phlean faireacháin doiciméadacht mhionsonraithe, iomlán, thrédhearcach faoin gcaoi a mbeartaíonn oibreoirí nó grúpaí oibreoirí faireachán a dhéanamh ar an ngníomhaíocht. Féadfar treoraíocht bhreise a sholáthar i scéimeanna deimhniúcháin lena sonraítear cé na heilimintí a chuirfear san áireamh le haghaidh gach cineáil gníomhaíochta, ceanglais maidir le tomhas níos minice agus/nó ceanglais níos mionsonraithe maidir le dearbhú cáilíochta.

Áireofar an méid seo a leanas sa phlean faireacháin:

(a) tuairisc ar na linnte carbóin agus ar na foinsí astaíochtaí is infheidhme maidir leis an ngníomhaíocht dá dtagraítear i dTáblaí 1 agus 2 a úsáidfear chun cainníochtú a dhéanamh agus, i gcás gach ceann díobh, an cur chuige cainníochtaithe agus faireacháin a roghnaíodh agus minicíocht an fhaireacháin;

(b) an doiciméadacht ábhartha a liostaítear i Ranna 2.4.1.3, 2.4.2.3, 2.4.3.3 agus 2.4.4.3;

(c) tuairisc ar an gcaoi a ndéanfar faireachán ar theagmhais aisiompaithe fhéideartha agus ar an gcaoi a ndéanfar aisiompuithe, má tharlaíonn siad, a chainníochtú le linn na tréimhse faireacháin;

(d) tuairisc ar an gcur chuige chun faireachán a dhéanamh ar chomhthairbhí inbhuanaitheachta eile dá dtagraítear i Roinn 5.3, i gcás inarb infheidhme.

*1.3.3. Plean gníomhaíochta athbhreithnithe*

Cuirfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí plean gníomhaíochta athbhreithnithe faoi bhráid an chomhlachta deimhniúcháin sna cásanna seo a leanas:

(a) athruithe ar aon cheann de na heilimintí a liostaítear i Ranna 1.3.1 agus 1.3.2, lena dtugtar údar cuí leis an ngá lena dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht an mhodheolaíocht is infheidhme; agus/nó

(b) athnuachan na gníomhaíochta.

Ní thabharfar tuairisc ar athruithe eile ach amháin sa tuarascáil faireacháin.

I gcás phointe (b) thuas, áireofar sa phlean gníomhaíochta athbhreithnithe faisnéis arna tabhairt cothrom le dáta maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an dáta tosaigh dá dtagraítear i Roinn 1.3.1, pointe (a)(iii);

(b) an bhonnlíne mheasta agus na haistrithe carbóin agus/nó na hastaíochtaí ithreach measta agus gáis ceaptha teasa eile a ghinfear mar thoradh ar an ngníomhaíocht le linn na tréimhse gníomhaíochta nua, dá dtagraítear i Roinn 1.3.1, pointe (c)(ii), ar bhonn toimhdí agus paraiméadair arna dtabhairt cothrom le dáta;

(c) tástáil inmharthanachta airgeadais dá dtagraítear i Roinn 1.3.1, pointe (d)(iii), agus costais agus ioncaim a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin fadaithe á gcur san áireamh;

(d) measúnú riosca dá dtagraítear i Roinn 1.3.1, pointe (e)(i).

Tabharfar tuairisc sa phlean gníomhaíochta athbhreithnithe ar chineál, réasúnaíocht agus tionchair na n-athruithe.

*1.3.4. Tuarascáil faireacháin*

Roimh gach iniúchadh athdheimhniúcháin, cuirfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí tuarascáil faireacháin faoi bhráid an chomhlachta deimhniúcháin ina n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear i Roinn 1.3.4.1.

Roimh gach iniúchadh faireacháin, cuirfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí tuarascáil faireacháin faoi bhráid an chomhlachta deimhniúcháin ina n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear i Roinn 1.3.4.2.

Gheobhaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí sonraí faireacháin, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, sonraí gníomhaíochta agus fachtóirí ríomha, agus déanfaidh siad iad a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú, a dhoiciméadú agus a chur i gcartlann ar bhealach trédhearcach lenar féidir an fheidhmíocht a bhaintear amach le linn na tréimhse deimhniúcháin a sheiceáil, arna iarraidh sin, agus tuairisceoidh siad an fhaisnéis sin do na comhlachtaí deimhniúcháin nó do na scéimeanna deimhniúcháin.

Déanfar treoraíocht bhreise a sholáthar i scéimeanna deimhniúcháin maidir le cur isteach déanach nó neamhiomlán na tuarascála faireacháin nó maidir le doiciméid bhreise atá le cur isteach chun críoch iniúchtaí athdheimhniúcháin agus faireacháin.

Faoi scéimeanna deimhniúcháin, ceadófar sonraí faireacháin a chomhroinnt ar bhealach anaithnidithe leis an gCoimisiún arna iarraidh sin d'údaráis náisiúnta inniúla nó don Choimisiún.

1.3.4.1. Tuarascáil faireacháin roimh iniúchtaí athdheimhniúcháin

Chun críocha na n-iniúchtaí athdheimhniúcháin, áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil faireacháin:

(a) an fhaisnéis a liostaítear i dTábla 1 agus Tábla 2, i gcás inarb ábhartha;

Tábla 1

| Linnte carbóin LULUCF agus foinsí astaíochtaí LULUCF | GCT | Aonad sonraí | Tuairisc | Is infheidhme maidir le |
|---|---|---|---|---|
| Bithmhais bheo | $CO_2$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na nglanaistrithe iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, foraoisiú |
| | | | Méid na nglanastaíochtaí iomlána | Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú |
| Ithreacha mianracha | $CO_2$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na nglanaistrithe iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, foraoisiú |
| | | | Méid na nglanastaíochtaí iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, foraoisiú |
| Ithreacha orgánacha | $CO_2$, $CH_4$, $N_2O$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na nglanastaíochtaí iomlána | Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú |
| Astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha bainistithe neamhthalmhaíochta | $N_2O$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na nglanastaíochtaí iomlána | Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, foraoisiú |

Tábla 2

| Foinsí astaíochtaí neamh-LULUCF | GCT | Aonad sonraí | Tuairisc | Is infheidhme maidir le |
|---|---|---|---|---|
| Ithreacha talmhaíochta bainistithe | $N_2O$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na n-astaíochtaí iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha |
| Leathadh aoil | $CO_2$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na n-astaíochtaí iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú |
| Leathadh úiré | $CO_2$, | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na n-astaíochtaí iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dóchán breosla | $CO_2$, $CH_4$, $N_2O$ | tonaí de choibhéis $CO_2$ | Méid na n-astaíochtaí iomlána | Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, foraoisiú |

(b) faisnéis faoi úsáid na gcineálacha cur chuige cainníochtaithe agus faireacháin ábhartha a leagtar síos i Ranna 2.4.1.2, 2.4.2.2, 2.4.3.2 agus 2.4.4.2, agus a n-éiginnteachtaí measta;

(c) faisnéis chun comhlíonadh na dtástálacha breisíochta a leagtar síos i Roinn 3 a fhíorú;

(d) léiriú nár tharla aon aisiompú nó faisnéis faoi aon aisiompú a tharla, dá dtagraítear i Roinn 1.3.4.2, an dara mír;

(e) faisnéis chun comhlíonadh na gceanglas inbhuanaitheachta ábhartha a leagtar síos i Roinn 5 a fhíorú.

Chun críocha an léirithe dá dtagraítear i bpointe (d), i gcás foraoisiú agus agrafhoraoiseachta féadfaidh oibreoirí orta-íomhánna ón aer nó orta-íomhánna spásúla a úsáid; i gcás ithreacha mianracha talmhaíochta, léireofar nach bhfuil aisiompú inseachanta ann trí fhianaise go bhfuiltear ag leanúint den ghníomhaíocht.

Ní áireofar sa tuarascáil faireacháin an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (c) agus (e) ach gach 5 bliana.

1.3.4.2. Tuarascáil faireacháin roimh iniúchtaí faireacháin

Chun críocha na n-iniúchtaí faireacháin, cuirfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí an tuarascáil faireacháin isteach gach 5 bliana ar a laghad agus laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dóibh teacht ar an eolas faoi theagmhas as a n-eascraíonn aisiompú, lena n-áirítear an léiriú nár tharla aon aisiompú nó faisnéis faoi aon aisiompú a tharla.

Má tharla aisiompú, déanfar an méid seo a leanas sa tuarascáil faireacháin:

(a) áireofar tuairisc ar an gcur chuige faireacháin a úsáideadh;

(b) déanfar suíomh an teagmhais a shainaithint i bhformáid veicteora gheospásúil, amhail cruthchomhad, an teanga mharcála KML (*Keyhole Markup Language)* nó formáidí comhchosúla, mar pholagán amháin nó níos mó, nó trí chomhordanáidí na teorann geografaí a shonrú trí úsáid a bhaint as córas comhordanáidí caighdeánach, amhail ETRS89 nó WGS84;

(c) áireofar tuairisc agus sonraí ábhartha a bhaineann leis an teagmhas aisiompaithe breathnaithe agus aicmeofar an teagmhas mar cheann inseachanta nó ceann dosheachanta;

(d) déanfar cainníochtú ar mhéid an aisiompaithe trí úsáid a bhaint as na rialacha cainníochtaithe a leagtar síos i Roinn 2 nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh mar gheall ar chineál an teagmhais aisiompaithe, tabharfar meastachán coimeádach ar an aisiompú agus fianaise ar an bhfáth a bhfuil an meastachán coimeádach;

(e) tabharfar tuairisc ar na bearta a rinneadh chun deireadh a chur leis an aisiompú agus chun teagmhais chomhchosúla a tharlódh amach anseo a chosc nó a íoslaghdú.

## 2. CAINNÍOCHTÚ NA BONNLÍNE, AISTRITHE CARBÓIN IOMLÁNA, ASTAÍOCHTAÍ ITHREACH LULUCF, $GCT_{BAINTEACH}$, AGUS FACHTÓIR COIGEARTAITHE ÉIGINNTEACHTA

### 2.1. Raon Feidhme

Déanfar an ghlantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin agus an ghlantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach a chainníochtú i gcomhréir le cothromóidí (1) agus (2).

$$\text{Glantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin} = \left(AC_{bonnlíne} - AC_{gníomhaíocht}\right) \times (1 - UNC) - GCT_{bainteach} \quad \text{cothromóid (1)}$$

$$\text{Glantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach} = (AIL_{bonnlíne} - AIL_{gníomhaíocht} + AIT_{bonnlíne} - AIT_{gníomhaíocht}) \times (1 - UNC) - GCT_{bainteach} \quad \text{cothromóid (2)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

(foscript) *bonnlíne* = an chainníocht a chomhfhreagraíonn don chás nach ndéantar an ghníomhaíocht (‘cás bonnlíne’)

(foscript) *gníomhaíocht* = an chainníocht a chomhfhreagraíonn do chur chun feidhme na gníomhaíochta (‘cás gníomhaíochta’)

Fachtóir coigeartaithe éiginnte =an fachtóir lena léirítear an éiginnteacht ar leibhéal an ghrúpa oibreoirí, a asbhainfear chun meastachán coimeádach a fháil ar aistrithe carbóin iomlána nó laghduithe astaíochtaí (‘fachtóir coigeartaithe éiginnteachta’).

I gcás, i dtréimhse deimhniúcháin, ina bhfuil toradh diúltach ar chothromóid (1) nó (2) d’ainneoin méadú ar aistrithe carbóin nó laghdú ar astaíochtaí ithreach, déanfar an tairbhe dhiúltach sin a thaifeadadh mar easnamh creidiúnúcháin agus asbhainfear í ó chothromóid (1) nó (2) sa tréimhse deimhniúcháin ina dhiaidh sin.

Léirítear i dTábla 3 an chomhfhreagairt idir téarmaí chothromóidí (1) agus (2) agus linnte carbóin LULUCF agus foinsí astaíochtaí GCT a shainítear i dTreoirlínte 2006 IPCC.

Tábla 3

| Téarma | Linn charbóin IPCC nó foinse astaíochta GCT | GCT |
|---|---|---|
| **AC (glanaistrithe carbóin)** | Bithmhais bheo | $CO_2$ |
| | Carbón orgánach san ithir (COI) in ithreacha mianracha | $CO_2$ |
| **AIL (glanastaíochtaí ithreach LULUCF)** | Carbón orgánach san ithir (COI) in ithreacha mianracha | $CO_2$, $N_2O$ |
| | Carbón orgánach san ithir (COI) in ithreacha orgánacha | $CO_2$, $CH_4$, $N_2O$ |
| **AIT (Astaíochtaí Ithreach** | Astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha talmhaíochta bainistithe | $N_2O$ |

| | | |
|---|---|---|
| **Talmhaíochta)** | | |
| **GCT$_{bainteach}$** | Bithmhais bheo i gcrainn agus i dtoir (gais, craobhacha agus fréamhacha) | $CO_2$ |
| | Astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha talmhaíochta bainistithe | $N_2O$ |
| | Leathadh aoil agus úiré | $CO_2$ |
| | Dóchán breosla | $CO_2$, $CH_4$, $N_2O$ |

Má tá astaíochtaí díreacha agus indíreacha ocsaíde nítriúla ($N_2O$) ó ithreacha talmhaíochta bainistithe[10] níos ísle ná mar atá sa chás bonnlíne, cuirfear na hastaíochtaí sin san áireamh i gcothromóid (2) faoin téarma AIT. Más airde iad ná mar atá sa chás bonnlíne, cuirfear na hastaíochtaí sin san áireamh i gcothromóidí (1) nó (2) mar GCT$_{bainteach}$.

Déanfar athruithe ar stoc carbóin na hithreach (AC in ithreacha mianracha), ar astaíochtaí ithreach mianraí agus orgánacha (AIL) agus ar astaíochtaí $N_2O$ (AIT) a chainníochtú ar leithligh i leith gach strataim talún agus a chur le chéile thar gach stratam talaimh, chun an t-athrú ar an stoc carbóin iomláin agus athruithe ar astaíochtaí ithreach sa limistéar gníomhaíochta a fháil. Ina theannta sin, féadfar athruithe ar an stoc carbóin san ithir nó ar astaíochtaí ithreach a chainníochtú le haghaidh limistéir eile atá faoi rialú oibríochtúil an oibreora.

I gcás, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí foraoisithe, ina ndéanfaidh oibreoirí curaíocht ar fhéarthalamh bhuan, déanfar caillteanas 12 %[11] de stoic charbóin na hithreach atá ann cheana, bunaithe ar shamplaí ithreach nó ar an gcoinníoll tagartha réamhshocraithe ábhartha i leith stoic COI d'ithreacha mianracha faoi mhionchoigeartú 2019 ar Threoirlínte 2006 IPCC[12], a asbhaint ón nglantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin a chomhfhreagraíonn don tréimhse deimhniúcháin ar lena linn a dhéantar an churaíocht.

I gcás ina nginfidh gníomhaíochtaí talmhaíochta agus agrafhoraoiseachta ar ithreacha mianracha aistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach araon, déanfar an GCT$_{bainteach}$ a dhealú ón nglantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin agus ón nglantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach araon tar éis fachtóir ualaithe a chur i bhfeidhm. Comhfhreagróidh an fachtóir ualaithe do mhéideanna coibhneasta na tairbhe comhlána aistrithe shealadaigh carbóin agus na tairbhe comhlána laghdaithe astaíochtaí ithreach, i gcás ina gciallaíonn 'comhlán' sula ndéantar GCT$_{bainteach}$ a dhealú.

I gcás ina dtuairisceofar astaíochtaí $CO_2$ ó ithreacha orgánacha, áireofar sa mheastachán astaíochtaí lasmuigh den láthair amhail Carbón Orgánach Cáithníneach, Carbón Orgánach Tuaslagtha, agus Carbón Neamhorgánach Tuaslagtha.

10 Tuairiscítear na hastaíochtaí sin sna fardail GCT faoin gcatagóir Talmhaíochta de réir Threoirlínte 2006 IPCC. Is astaíochtaí iad astaíochtaí indíreacha $N_2O$ a eascraíonn as ionchur atmaisféarach agus láisteadh nítrigine agus nítrigin a bheith ag rith chun srutha.

11 Ar bhonn na bhfachtóirí coibhneasta athraithe stoic le haghaidh bainistiú féarthalaimh i gCaibidil 6, imleabhar 4, Tábla 6.2 de threoirlínte IPCC 2019. Léirítear i dTábla 6.2 go mbíonn caillteanas carbóin ó 1.14 go 1 i gceist le haistriú ó fhéarthalamh fheabhsaithe go hithreacha ainmniúla bainistithe, ar caillteanas -12 % é.

12 COI tagartha le haghaidh ithreacha mianracha in Imleabhar 4, Caibidil 2, Tábla 2.3.

*2.1.1. Talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha*

Le raon feidhme na modheolaíochta deimhniúcháin le haghaidh na talmhaíochta agus na hagrafhoraoiseachta ar ithreacha mianracha, cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) aistrithe carbóin in ithreacha mianracha agus, i gcás cleachtais agrafhoraoiseachta, i mbithmhais bheo;

(b) astaíochtaí ithreach LULUCF in ithreacha mianracha;

(c) astaíochtaí ithreach talmhaíochta ó ithreacha talmhaíochta bainistithe;

(d) $GCT_{bainteach}$, agus go sonrach méadú ar an méid seo a leanas:

(i) astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha talmhaíochta bainistithe;

(ii) astaíochtaí $CO_2$ ó leathadh aoil agus úiré;

(iii) astaíochtaí dócháin breosla ó oibríochtaí allamuigh nó ó iompar chuig an limistéar gníomhaíochta,

i gcomparáid leis an gcineál céanna astaíochtaí sa chás bonnlíne dá dtagraítear i Roinn 2.3.1.

*2.1.2. Tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú*

Le raon feidhme na modheolaíochta deimhniúcháin chun tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) astaíochtaí ithreach LULUCF in ithreacha orgánacha;

(b) astaíochtaí ithreach talmhaíochta ó ithreacha talmhaíochta bainistithe, más infheidhme (roghnach);

(c) $GCT_{bainteach}$, agus go sonrach méadú ar an méid seo a leanas:

(i) astaíochtaí $CO_2$ ó bhithmhais bheo, más infheidhme;

(ii) astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha talmhaíochta bainistithe;

(iii) astaíochtaí $CO_2$ ó leathadh aoil agus úiré, más infheidhme;

(iv) astaíochtaí dócháin breosla ó oibríochtaí allamuigh nó ó iompar chuig an limistéar gníomhaíochta,

i gcomparáid leis an gcineál céanna astaíochtaí sa chás bonnlíne dá dtagraítear i Roinn 2.3.1.

*2.1.3. Foraoisiú*

Cumhdaítear an méid seo a leanas le raon feidhme na modheolaíochta deimhniúcháin le haghaidh foraoisiú:

(a) aistrithe carbóin i mbithmhais bheo agus, ar bhonn roghnach, in ithreacha mianracha;

(b) astaíochtaí ithreach LULUCF ó ithreacha mianracha agus orgánacha (roghnach);

(c) astaíochtaí ithreach talmhaíochta ó ithreacha talmhaíochta bainistithe (roghnach);

(d) $GCT_{bainteach}$, agus go sonrach méadú ar an méid seo a leanas:

(i) astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha a bhaineann le leasacháin a chur ar na crainn nua-phlandaithe;

(ii) astaíochtaí dócháin breosla ó oibríochtaí allamuigh nó ó iompar chuig an limistéar gníomhaíochta,

i gcomparáid le bonnlíne atá cothrom le nialas.

**2.2. Foirmlí cainníochtaithe**

Chun aistrithe carbóin, AIL in ithreacha mianracha agus, i gcás athfhliuchadh tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile, $GCT_{bainteach}$ ó bhithmhais bheo a ríomh, déanfar an t-athrú ar stoc carbóin sa chás bonnlíne agus sa chás gníomhaíochta le linn gach tréimhse deimhniúcháin a ríomh i gcomhréir le cothromóid (3):

| | |
|---|---|
| $athrú\ ar\ an\ stoc\ carbóin = C_{y=t+x} - C_{y=t}$ | cothromóid (3) |

I gcás inarb amhlaidh:

| | |
|---|---|
| y = | bliain (y=0 is ea an bhliain ina dtosaíonn an tréimhse ghníomhaíochta) |
| t = | an bhliain ina dtosaíonn tréimhse dheimhniúcháin |
| x = | fad na tréimhse deimhniúcháin (i mblianta nó míonna) |
| $C_{y=t}$ = | stoc carbóin ag tús na tréimhse gníomhaíochta (má tá t=0) nó ag tús gach tréimhse deimhniúcháin (má tá $t \geq 1$) (i dtonaí C) |
| $C_{y=t+x}$ = | stoc carbóin ag deireadh gach tréimhse deimhniúcháin (i dtonaí C) |

Déanfar an t-athrú ar an stoc carbóin a iolrú faoi –44/12 chun carbón a thiontú go $CO_2$. I gcás ina dtagann méadú ar an stoc carbóin, bíonn AC, ar uimhir dhiúltach é, ina thoradh air sin. I gcás ina dtagann laghdú ar an stoc carbóin, bíonn AIL nó $GCT_{bainteach}$, ar uimhreacha dearfacha iad, ina dtoradh air sin.

Ríomhfar AIL in ithreacha orgánacha, AIT, agus $GCT_{bainteach}$ (seachas iad siúd ó bhithmhais bheo), trí astaíochtaí bliantúla an GCT ábhartha a shuimiú sa chás bonnlíne agus sa chás gníomhaíochta le linn gach tréimhse deimhniúcháin, i gcomhréir le cothromóid (4):

| | |
|---|---|
| $astaíochtaí = \sum_{y=t}^{y=t+x} E_y$ | cothromóid (4) |

I gcás inarb amhlaidh:

| | |
|---|---|
| y = | bliain (y=0 is ea an bhliain ina dtosaíonn an tréimhse ghníomhaíochta) |
| t = | an bhliain ina dtosaíonn tréimhse dheimhniúcháin |
| x = | fad na tréimhse deimhniúcháin (i mblianta nó míonna) |
| $E_y$ = | astaíochtaí (AIL, AIT, nó $GCT_{bainteach}$) sa bhliain *y* (i dtonaí de choibhéis $CO_2$) |

Chun astaíochtaí GCT a thiontú go coibhéis $CO_2$, úsáidfear na poitéinsil téimh dhomhanda a áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1044 ón gCoimisiún[13] nó sa Tuarascáil Mheasúnachta IPCC[14] is déanaí.

## 2.3. Bonnlíne

### *2.3.1. Bonnlíne le haghaidh ithreacha*

Beidh feidhm ag bonnlíne a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht maidir le AC in ithreacha mianracha, AIL agus AIT.

Léireofar sa chás bonnlíne go leantar den bhainistiú ithreach nó barr a dhéantar le linn tréimhse thagartha agus timthriallta uainíochta barr á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme. Is é a bheidh sa tréimhse thagartha 3 bliana, ar a laghad, díreach roimh thús na tréimhse gníomhaíochta; i gcás athnuachaintí, úsáidfear an tréimhse thagartha roimh thús na chéad tréimhse gníomhaíochta. Cuirfear síneadh ama leis an tréimhse thagartha, i gcás inarb infheidhme, ionas gur fad an timthrialla uainíochta barr ábhartha a bheidh inti.

I gcás ina n-úsáidfear cur chuige na samhla a dtugtar tuairisc air i Roinn 2.4.1, déanfar an bhonnlíne réamh-mheasta a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht agus a áirítear sa phlean gníomhaíochta, i gcás inarb iomchuí, a choigeartú ag gach iniúchadh athdheimhniúcháin chun tionchair na ndálaí aimsire iarbhír a bhí ann le linn na tréimhse deimhniúcháin roimhe sin a chur san áireamh.

I gcás ina n-úsáidfear an cur chuige tomhais a dtugtar tuairisc air i Roinn 2.4.2, déanfar an bhonnlíne a thomhas i gceapacha rialaithe ina ndéantar an bhainistíocht chéanna agus a dhéantar sa tréimhse thagartha, nó beidh feidhm ag bonnlíne atá cothrom le nialas.

### *2.3.2. Bonnlíne do bhithmhais bheo*

Beidh feidhm ag bonnlíne atá cothrom le nialas maidir le AC i mbithmhais bheo i gcrainn, in eilimintí adhmadacha, nó in úlloird de thoradh gníomhaíochtaí plandaithe, síolaithe nó athghiniúna nádúrtha. I gcás ina raibh crainn, eilimintí adhmadacha, nó úlloird sa limistéar gníomhaíochta roimh an tráth a cuireadh an plean gníomhaíochta faoi bhráid an chomhlachta deimhniúcháin, ní áireofar an fás ar stoc carbóin ón bhfásra sin a bhí ann cheana sa chainníochtú ar an nglantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin.

### *2.3.3. An bhonnlíne a thabhairt cothrom le dáta*

Maidir leis na cleachtais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (c), méadófar uaillmhian $AIT_{bonnlíne}$ gach 5 bliana trí choigeartú anuas a chur i bhfeidhm. Comhfhreagróidh an coigeartú sin do 1 % den bhonnlíne thosaigh le haghaidh gach bliana atá caite ó thús na chéad tréimhse gníomhaíochta.

---

[13] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1044 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le luachanna le haghaidh poitéinsil téimh dhomhanda agus na treoirlínte fardail agus maidir le córas fardail an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 666/2014 (IO L 230, 17.7.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1044/oj).

[14] An Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC 2021 Forster, P., T. Storelvmo, K. Armour, W. Collins, J. L. Dufresne, D. Frame, D. J. Lunt, T. Mauritsen, M. D. Palmer, M. Watanabe, M. Wild, H. Zhang, 2021, The Earth's Energy Budget, Climate Feedbacks, and Climate Sensitivity. In: *Climate Change 2021: The Physical Science Basis. Contribution of Working Group I to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change.* Cambridge University Press. In Press. - https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg1/downloads/report/IPCC_AR6_WGI_Chapter_07.pdf

## 2.4. Cineálacha cur chuige cainníochtaithe agus faireacháin

Úsáidfear ceann amháin nó níos mó de na cineálacha cur chuige seo a leanas chun cainníochtú agus faireachán a dhéanamh ar an nglantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin agus ar an nglantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach:

(a) cur chuige 1: samhlacha

(b) cur chuige 2: tomhais

(c) cur chuige 3: athróga ionadacha

(d) cur chuige 4: fachtóirí astaíochta réamhshocraithe

Liostaítear i dTábla 4 na cineálacha cur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann chun cainníochtú agus faireachán a dhéanamh ar gach téarma den ghlantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin agus den ghlantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach:

Tábla 4

| **Linn charbóin IPCC nó foinse astaíochta GCT** | **Cur chuige** |
|---|---|
| Bithmhais bheo | 1, 2 |
| Carbón orgánach san ithir in ithreacha mianracha | 1, 2 |
| Carbón orgánach san ithir in ithreacha orgánacha | 1, 3 |
| Astaíochtaí $N_2O$ díreacha agus indíreacha ó ithreacha talmhaíochta bainistithe | 1, 4 |
| Leathadh aoil agus úiré | 1, 4 |
| Dóchán breosla | 4 |

I gcás ina mbeidh cineálacha cur chuige éagsúla infheidhme, ní roghnófar ach aon cheann amháin acu chun an téarma céanna a chainníochtú nó chun faireachán a dhéanamh air ar bhealach comhsheasmhach le linn na tréimhse faireacháin.

Is é an cur chuige céanna a úsáidfear chun an téarma céanna a ríomh sa chás gníomhaíochta agus sa chás bonnlíne.

I gcás grúpaí oibreoirí, is ar leibhéal an ghrúpa a dhéanfar cainníochtú agus faireachán.

### *2.4.1. Cur chuige 1: samhlacha*

2.4.1.1. Samhlacha incháilithe

Cumhdófar an méid seo a leanas leis na samhlacha incháilithe:

(a) samhlacha bunaithe ar phróiseas, is é sin, creataí ríomhaireachtúla lena n-ionsamhlaítear próisis bhitheolaíocha, cheimiceacha agus fhisiceacha lena rialaítear floscanna GCT, amhail samhlacha bith-gheoiceimiceacha, samhlacha carbóin ithreach, samhlacha próisis éiceachórais, samhlacha hidreolaíocha agus samhlacha dinimiciúla fásra;

(b) samhlacha staidrimh agus dóchúlaíocha, ina n-úsáidtear teicnící staidrimh chun athróga comhshaoil breathnaithe (lena n-áirítear cleachtais bhainistíochta) agus/nó sonraí cianbhraiteachta (satailít, LiDAR, íomhánna ardtaifigh) a nascadh le

hathruithe ar an stoc carbóin agus le floscanna GCT. Samplaí díobh siúd is ea samhlacha meaisínfhoghlama agus domhainfhoghlama, samhlacha cúlchéimnithe, samhlacha anailíse geospásúla.

Is é a bheidh sa tsamhail roghnaithe samhail a mheas an Coimisiún a bheith i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

(a) trédhearcacht agus inrianaitheacht, is é sin le rá go dtabharfar tuairisc shainiúil ar thréithe na samhla, léireofar leagan na samhla go soiléir agus beidh athruithe idir leaganacha inrianaithe agus dea-dhoiciméadaithe;

(b) creidiúnacht eolaíoch, is é sin le rá go mbeidh sé léirithe i litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe go bhfeidhmíonn an tsamhail chun meastachán a dhéanamh ar athruithe ar stoic charbóin agus/nó astaíochtaí GCT le haghaidh bainistiú ithreach/barr, bainistiú leasacháin, tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, nó agrafhoraoiseacht/foraoisiú faoi dhálaí peidichlíomacha inchomparáide agus le haghaidh na gcineálacha feidhmiúla plandaí nó saintréithe fásra atá ábhartha don ghníomhaíocht;

(c) oiriúnacht, is é sin le rá go mbeidh an tsamhail calabraithe agus bailíochtaithe bunaithe ar thomhais dhíreacha ar fhloscanna GCT nó ar athruithe ar stoc carbóin ó thacair sonraí lena léirítear go cruinn an réigiún peidichlíomach ina ndéantar an ghníomhaíocht, agus beidh na sonraí calabrúcháin agus bailíochtaithe neamhspleách ar a chéile, trí dhá thacar sonraí ar leithligh a úsáid gan aon fhorluí idir suíomhanna taighde, nó trí leas a bhaint as próiseas staidrimh amhail trasbhailíochtú;

(d) cruinneas íosta, is é sin le rá, nuair a dhéantar í a thástáil in aghaidh an tacair sonraí bailíochtaithe, go mbeidh meánlaofacht na samhla, mar a shloinntear i gcothromóid (5), níos lú ná meastachán ar neamhchinnteacht tomhais chomhthiomsaithe (NCTCT)) nó cothrom leis, mar a shloinntear i gcothromóid (6); beidh 90 % ar a laghad de na luachanna breathnaithe laistigh d'eatraimh thuartha 90 % na samhla, agus beidh méid an athraithis a mhínítear leis an tsamhail ($R^2$), mar a shloinntear i gcothromóid (7), níos mó ná nialas.

| | |
|---|---|
| $$meánlaofacht = \sum_{i=1}^{n} (P_i - O_i)/n$$ | cothromóid (5) |

I gcás inarb amhlaidh:

$P_i$ = athrú tuartha ar stoc carbóin nó ar astaíochtaí GCT

$O_i$ = athrú breathnaithe ar stoc carbóin nó ar astaíochtaí GCT

$i$ = innéacs breathnóireachta laistigh den staidéar

$n$ = an líon luachanna breathnaithe le haghaidh staidéar ar leith

| | |
|---|---|
| $$NCTCT = \sqrt{\frac{\sum_{j=1}^{k} \sigma_j^2 (n_j - 1)}{\sum_{j=1}^{k} (n_j - 1)}}$$ | cothromóid (6) |

I gcás inarb amhlaidh:

$k$ = an líon luachanna breathnaithe ar fud gach staidéar

$\sigma_j$ = earráid chaighdeánach an $j^ú$ athrú breathnaithe ar stoc carbóin nó ar astaíocht GCT

$n_j$ = líon na dtomhas macasamhlaithe a úsáideadh sa $j^ú$ luach breathnaithe

| | |
|---|---|
| $R^2 = 1 - \frac{\sum_{i=1}^{n}(P_i - O_i)^2}{\sum_{i=1}^{n}(O_i - \bar{O})^2}$ | cothromóid (7) |

I gcás inarb amhlaidh:

$P_i$ = athrú tuartha ar stoc carbóin nó ar astaíochtaí GCT

$O_i$ = athrú breathnaithe ar stoc carbóin nó ar astaíocht GCT le haghaidh luach breathnaithe i

$\bar{O}$ = meán na luachanna athraithe breathnaithe ar stoc carbóin nó astaíochtaí GCT

$i$ = innéacs breathnóireachta laistigh den staidéar

$n$ = an líon luachanna breathnaithe sa tacar bailíochtaithe

2.4.1.2. Úsáid samhlacha

I gcás ina n-úsáidfear samhail chun meastachán a dhéanamh ar athruithe ar stoic COI, úsáidfear sonraí tomhaiste ithreach le haghaidh túsú samhla agus fíorú samhla[15].

I gcás túsú samhla, cinnfear an COI tosaigh bunaithe ar léarscáileanna bailíochtaithe réigiúnacha nó náisiúnta den stoc COI nó ar shamplaí ithreach arna dtógáil i gcomhréir leis na rialacha samplála agus saotharlainne dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.2, lena gcumhdaítear na príomhstrataim agus atá lonnaithe laistigh den limistéar gníomhaíochta. Mar riail ghinearálta, tógfar samplaí ithreach laistigh de 18 mí roimh thús na tréimhse gníomhaíochta nó ina dhiaidh sin; de rogha air sin, féadfar faisnéis ábhartha maidir le stoc COI ó shamplaí ithreach arna dtógáil sna 5 bliana roimh thús na tréimhse gníomhaíochta a úsáid.

Maidir le fíorú samhla, tógfar samplaí ithreach laistigh de 18 mí roimh thús na tréimhse gníomhaíochta nó ina dhiaidh sin agus gach 5 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin. Roghnófar an líon samplaí ithreach chun an leibhéal éiginnteachta spriocdhírithe a bhaint amach; de rogha air sin, i gcás ina n-úsáidfear samhlacha bunaithe ar phróiseas, féadfaidh an líon samplaí ithreach a bheith cothrom le 20 % de thoradh Chothromóid (8). Déanfar na pointí samplála tosaigh a athshampláil ag na suíomhanna céanna, agus úsáid á baint as an gcur chuige samplála agus anailíse saotharlainne céanna. De rogha air sin, féadfar na sonraí samplála ithreach atá le fáil ó líonraí faireacháin réigiúnacha nó náisiúnta a úsáid chun samhlacha a fhíorú ar choinníoll go n-áirítear sna líonraí faireacháin réigiúnacha nó náisiúnta sin sonraí maidir le bainistiú barr agus ithreach agus go bhfuil siad bunaithe ar shamplaí ithreach arna dtógáil leis an dlús samplála agus an taifeach ama céanna ar a laghad, lena gcumhdaítear cleachtais bainistithe talún chomhchosúla, agus atá lonnaithe laistigh de réigiún an limistéir gníomhaíochta. Beidh luach airmheánach na n-athruithe ar stoc COI a ionsamhlaítear leis an

[15] Déanfar fíorú samhla ar leibhéal an ghrúpa oibreoirí agus úsáid á baint as an tsamhail chéanna laistigh de dhálaí peidichlíomacha comhchosúla.

tsamhail laistigh den eatramh muiníne 90 % de na hathruithe ar stoic COI thomhaiste a úsáidtear chun an tsamhail a fhíorú. Cuirfear torthaí an fhíoraithe samhla san áireamh chun éiginnteacht na samhla a chainníochtú le haghaidh tréimhsí deimhniúcháin amach anseo.

I gcás ina n-úsáidfear samhail chun meastachán a dhéanamh ar athruithe ar stoc carbóin i mbithmhais bheo bunaithe ar shonraí cianbhraiteachta, cuirfear san áireamh sa tsamhail na hathróga suíomhshonracha is suntasaí a bhaineann leis an ngníomhaíocht, lena n-áirítear cumhdach talún, toirt bithmhaise os cionn talún, toirt bithmhaise faoi thalamh, dálaí aeráide áitiúla, cineál ithreach, cineál agus déine bainistíochta, agus samhail airde dhigiteach. Is é 10 m a bheidh i dtaifeach íosta na sonraí cianbhraiteachta maidir leis an gcumhdach talún agus an toirt bithmhaise os cionn talún. Áireofar i bpróiseáil sonraí loma ón gcianbhraiteacht calabrú áitiúil a dtacófar leis le húsáid tomhas arna n-ionchorprú i ríomh deiridh na n-eatramh muiníne le haghaidh na meastachán ar aistrithe carbóin iomlána nó laghduithe astaíochtaí ithreach.

2.4.1.3. Faisnéis atá le cur san áireamh sa phlean faireacháin

Áireofar sa phlean faireacháin tuairisc ar na nósanna imeachta a leanadh chun an tsamhail a chur i bhfeidhm, lena gcumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) comhréireacht úsáid na samhla leis an bhfearann cur i bhfeidhm;

(b) tuairisc ar chineál agus foinse na sonraí ionchuir agus réamhphróiseáil fhéideartha na sonraí;

(c) teorainneacha an chórais (ó thaobh spáis, ama, doimhneacht ithreach, etc.);

(d) an dearadh samplála a úsáidtear chun críoch fíoraithe, lena n-áirítear an fhaisnéis a liostaítear i Roinn 2.4.2.3, agus an leibhéal feidhmíochta a bhfuil coinne leis ón tsamhail;

(e) tuairisc ar an gcur chuige a ghlactar chun meastachán a dhéanamh ar éiginnteacht in aschuir na samhla, lena n-áirítear an earráid tuartha samhla a eascraíonn as sin;

(f) faisnéis maidir leis na céimeanna dearbhaithe cáilíochta agus rialaithe cáilíochta;

(g) an fhreagracht as sonraí a bhailiú agus a chur i gcartlann.

*2.4.2. Cur chuige 2: tomhais*

2.4.2.1. Tomhais incháilithe

Cumhdófar an méid seo a leanas le tomhais incháilithe:

(a) tomhais dhíreacha ar COI trí theicnící samplála ithreach;

(b) cothromóidí allaiméadracha, fachtóirí scálúcháin bithmhaise (FSBManna) nó fachtóirí claochlúcháin agus scálúcháin bithmhaise (FCSBManna) lena dtomhaistear bithmhais go hindíreach trí thomhais dhíreacha ar struchtúr foraoise, amhail trastomhas crann agus airde crann, a chur i gcomhchoibhneas le bithmhais nó carbón;

(c) tomhais indíreacha trí theicnící braite neasaigh ar an láthair, is é sin, braiteoirí allamuigh a bhíonn i dteagmháil leis an ithir, nó laistigh de 2 m di agus a bhraitheann comharthaí ón ithir.

Cothromóidí allaiméadracha, FSBManna nó FCSBManna, lena n-áirítear paraiméadair a úsáidtear chun iad a dhíorthú amhail domhantarraingt adhmadsonrach nó dlús adhmaid, codáin charbóin agus cóimheasa idir fréamh agus péacán, dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b), beidh ceachtar díobh seo a leanas i gceist leo:

(a)beidh siad sonrach don suíomh, is é sin, forbraítear iad trí shampla ionadaíoch de chrainn chomhchosúla a bhuain ar shuíomh atá gar don limistéar gníomhaíochta agus a dtoirteanna agus a mbithmhais thirim a thomhas go díreach;

(b)is cinn iad a foilsíodh i litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe atá bunaithe ar thaighde a rinneadh i suíomh nó réigiún na gníomhaíochta nó ar chineál foraoise comhchosúil agus dálaí aeráide agus eidifeacha comhchosúla; nó

(c)cuirtear i bhfeidhm iad i bhfardail foraoise réigiúnacha nó náisiúnta, nó sna fardail náisiúnta GCT le haghaidh LULUCF.

Ina theannta sin, roghnófar iad i gcomhréir leis na critéir uile seo a leanas:

(a) bailíochtú an ordlathais thacsanomaíoch: beidh rogha na cothromóide oiriúnach don speiceas atá á thomhas agus íoslaghdófar leis an rogha sin an laofacht atá ann de dheasca difríochtaí fíliginiteacha maidir le struchtúr crann agus airíonna adhmaid, agus leanfar an t-ord tosaíochta seo a leanas léi:

  (a) cothromóidí a bhaineann go sonrach le speicis áirithe, a forbraíodh i gcomhair na speiceas a plandaíodh nó a ndearnadh fardal díobh;

  (b) cothromóidí a bhaineann go sonrach le géineas áirithe;

  (c) cothromóidí a dhíorthaítear ó fhinte nó ó fheidhmghrúpaí a bhfuil dlúthghaol acu le chéile;

  (d) cothromóidí ginearálaithe i leith speicis leathanduilleacha nó bhuaircíneacha, faoi réir údar cuí a bheith lena n-infheidhmeacht ar fud feidhmghrúpa leathan;

(b)bailíochtú méide agus struchtúir clampa: beidh dáileadh mhéideanna na gcrann (struchtúr clampa) sa cheapach fardail ailínithe leis an raon a úsáidfear le haghaidh fhorbairt bhunaidh na cothromóide;

(c)bailíochtú aeráide agus bailíochtú eidificeach: tiocfaidh dálaí aeráide agus eidifeacha an limistéir gníomhaíochta faoin raon dálaí faoinar forbraíodh an chothromóid roghnaithe ar dtús.

Is éard a bheidh sna teicnící braite neasaigh dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (c), teicnící a mheas an Coimisiún a bheith i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

(a)trédhearcacht, is é sin le rá go dtabharfar tuairisc shainiúil ar na feidhmeanna agus na paraiméadair is bun leis an teicníc braite neasaigh;

(b)creidiúnacht eolaíoch, is é sin le rá go mbeidh sé léirithe sa litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe go mbraitheann an teicníc braite neasaigh difríochtaí idir stoic charbóin ithreach nó bhithmhaise ar fud dálaí peidichlíomacha nó cleachtais bhainistíochta éagsúla, agus, má úsáidtear í chun carbón ithreach a thomhas, go ndéanann an teicníc carbón ithreach a thomhas go sonrach gan cur isteach mór ó airíonna ithreach eile;

(c)oiriúnacht, a dtugtar tuairisc uirthi i Roinn 2.4.1.1., an dara mír, pointe (c);

(d)cruinneas íosta, a dtugtar tuairisc air i Roinn 2.4.1.1., an dara mír, pointe (d).

2.4.2.2. Úsáid tomhas

*A. Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.1., an chéad mhír, pointí (a) agus (c)*

Féadfar dearadh samplála le haghaidh ithreacha mianracha a bhunú ar shampláil randamach shrathaithe ar an limistéar gníomhaíochta trí úsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar shamhail nó cur chuige bunaithe ar dhearadh. Is iad an dearadh samplála céanna agus na strataim chéanna a úsáidfear i gcás tomhais agus atomhais. Déanfar an mhéid sampla a ríomh *ex ante* trí úsáid a bhaint as eatramh muiníne nó modhanna tástála hipitéise; beidh sé mór go leor chun athruithe ag cuimse íochtair an eatraimh muiníne aonfhoircnigh a chainníochtú le leibhéal íosta muiníne 70 % agus chun an riosca go gcaillfí suíomhanna samplála allamuigh le himeacht ama a mhaolú. Ríomhfar an líon íosta samplaí i gcomhréir le cothromóid (8):

| | |
|---|---|
| $n \geq \sigma^2 \frac{{z_\alpha}^2}{E^2}$ | cothromóid (8) |

I gcás inarb amhlaidh:

$n$ = an líon íosta ionchasach samplaí

$\sigma^2$ = athraitheas ionchasach na stoc COI bunaithe ar thacair sonraí áitiúla atá ann cheana, nó athruithe ar stoic COI má tá na sonraí sin ar fáil

$z_\alpha$ = luach criticiúil an dáilte normalaigh chaighdeánaigh ar an leibhéal suntasachta $\alpha$ ($\alpha$ = 100 % - leibhéal muiníne), le z-luach 0,52 le haghaidh leibhéal muiníne 70 % leataobhach

$E$ = earráid infhulaingthe (e.g. méid na héifeachta ionchasaí iolraithe faoin leibhéal muiníne nó faoin difríocht inbhraite íosta)

Cinnfear suíomhanna samplála allamuigh ar bhonn an dearaidh samplála agus na méide sampla. Déanfar comhordanáidí na suíomhanna samplála allamuigh a thaifeadadh chun tacú le hathshampláil ag na suíomhanna céanna.

Féadfar sampláil aonair nó sampláil ilchodach a dhéanamh ar ithreacha ag suíomhanna samplála allamuigh, i gcomhréir leis an méid sampla agus an dearadh samplála is gá.

Beidh sampláil ithreach ionadaíoch don chiseal 0-30 cm nó, i gcás barrithir éadomhain, don chiseal ón dromchla (0 cm) go dtí an bhuncharraig. Déanfar luachanna doimhneachta iarbhír ithreach arna sampláil a thaifeadadh agus a úsáid i ríomhanna i leith stoic COI.

Tógfar samplaí ithreach laistigh de 1 bhliain amháin roimh thús na tréimhse gníomhaíochta nó ina dhiaidh sin. Is laistigh den séasúr céanna a dhéanfar sampláil ithreach, 6 seachtaine ar a laghad tar éis an teagmhais dheireanaigh leasacháin orgánaigh agus, i gcás inar féidir, faoi na dálaí ithreach agus curaíochta céanna tráth an tomhais agus an atomhais.

Is é an cineál céanna trealaimh a úsáidfear chun tomhas agus atomhas a dhéanamh.
De rogha air sin, féadfar an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún[16] a chur i bhfeidhm.

*B. Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcur chuige dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.1, an chéad mhír, pointe (a)*

[16] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

Beidh cinneadh stoc COI sa tsaotharlann bunaithe ar chothromóid (9):

| | |
|---|---|
| $COI_{stoc} = OC_{\%} \times BD_{fe} \times doimhneacht \times (1 - G_v)$ | cothromóid (9) |

i gcás inarb:

$OC_{\%}$ =cion carbóin orgánaigh an chodáin úire míne (%, < 2 mm)

$BD_{fe}$ = dlús toirte an chodáin úire míne (g $cm^{-3}$)

doimhneacht =doimhneacht an chisil ithreach (cm) faoi seach ón tsampláil allamuigh

Gv =cion toirtmhéadrach bloghanna garbha (> 2 mm) (féadfar luach dlúis réamhshocraithe 2,6 g/$cm^3$ a úsáid chun mais a thiontú ina toirt)

Féadfar $OC_{\%}$ a chinneadh trí úsáid a bhaint as dóchán tirim le hanailís eiliminteach (EN ISO 15936), difreáil atá spleách ar theocht ar iomlán an charbóin (EN 17505:2023), speictriméadracht neas-infridhearg (EN ISO 17184:2014) nó modhanna malartacha a bhfuil caighdeán ISO nó creidiúnú foirmiúil i mBallstát ar fáil ina leith. Déanfar carbón neamhorgánach a eisiamh.

Cinnfear $BD_{fe}$ trí úsáid a bhaint as cinneadh saotharlainne de réir ISO 11272:2017 agus céimeanna doiciméadaithe chun $BD_{fe}$ a chinneadh ón gcodán úire míne; nó modhanna malartacha a bhfuil caighdeáin ISO nó creidiúnú foirmiúil i mBallstát ar fáil ina leith; nó feidhm pheideaistrithe bhailíochtaithe. Beidh feidhm pheideaistrithe den sórt sin ionadaíoch do na dálaí peidichlíomacha, bunaithe ar shonraí ó 300 tomhas díreach ar a laghad agus beidh luach $R^2$ 0,6 ar a laghad aici agus ní bheidh aon laofacht (níos lú ná 5 %) aici.

I gcás inarb ábhartha, tabharfar tuairisc shoiléir ar shamhlacha agus ar pharaiméadair shamhlacha agus tabharfar údar cuí leo. I gcás gach modha, tuairisceofar earráid anailíseach.

Maidir le hatomhas, féadfar na luachanna $BD_{fe}$ agus $G_v$ céanna a úsáidtear don stoc COI tosaigh a úsáid chun an stoc COI a ríomh ag na hiniúchtaí athdheimhniúcháin ina dhiaidh sin. I gcás ina ndéanfar $BD_{fe}$ a thomhas arís, déanfar na hathruithe ar stoc COI a ríomh ar bhonn an mhodha coibhéise maise ithreach (CMI) a dtugtar tuairisc air i dTreoirlínte Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (2019)[17] nó ar mhodhanna eile CMI, i gcás ina bhfuil údar cuí leis. Déanfar earráidí a bhaineann le modhanna CMI a chur san áireamh le forleathadh earráidí. Déanfar modhanna agus ríomhanna CMI a dhoiciméadú. Níl gá le CMI i gcás ina ndéanfar ithreacha a shampláil go doimhneacht 60 cm ar a laghad nó go dtí an bhuncharraig.

Fanfaidh modhanna saotharlainne mar an gcéanna agus léireofar ina leith comhsheasmhacht maidir le tomhas agus atomhas. Na saotharlanna a úsáidfear le haghaidh anailís ithreach, beidh siad i gcomhréir le ISO/IEC 17025:2017 agus cuirfidh siad sonraí rialaithe cáilíochta ar fáil (e.g. tástálacha idirshaotharlainne, úsáid ábhar tagartha, modhanna calabrúcháin) chun éiginnteacht anailíseach a chinneadh agus chun críoch iniúchóireachta.

*C. Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcur chuige dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.1, an chéad mhír, pointe (b)*

---

17 Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, *Measuring and modelling soil carbon stocks and stock changes in livestock production systems, Guidelines for assessment*, 2019.

Leanfaidh dearadh samplála le haghaidh agrafhoraoiseachta cur chuige bunaithe ar áireamh: ag tús na tréimhse gníomhaíochta, déanfar aonaid phlandála (crainn aonair, línte crann, méadair fálta, roschoillte beaga) a chomhaireamh. Úsáidfear líon na n-aonad plandaithe chun stoic charbóin a scálú. Ag iniúchtaí athdheimhniúcháin ina dhiaidh sin, úsáidfear sampla ionadaíoch de na haonaid phlandála. Déanfar bithmhais crann agus fál a mheas le haghaidh gach dáileachta agus le haghaidh teorainneacha dáileachta. Dáilfear suíomhanna samplála allamuigh le haghaidh crainn nó fálta go randamach ar fud an limistéir gníomhaíochta.

Leanfar cur chuige bunaithe ar limistéar sa dearadh samplála le haghaidh foraoisiú: úsáidfear modhanna samplála bunaithe ar cheapacha chun bithmhais agus na meastacháin stoic carbóin a eascraíonn as sin in aghaidh an aonaid achair a mheas, agus úsáid á baint as an limistéar gníomhaíochta mar iolraitheoir. Bunófar sampla ionadaíoch ar cheapacha samplacha agus dáilfear go randamach iad i ngach stratam a shainaithnítear ar fud an limistéir gníomhaíochta. Roghnófar an líon ceapach ag brath ar inathraitheacht an limistéir gníomhaíochta agus ar an lamháil earráide a nglactar léi.

Maidir le hagrafhoraoiseacht agus foraoisiú, cinnfear suíomhanna samplála allamuigh ar bhonn an dearaidh samplála agus na méide sampla. Déanfar comhordanáidí na suíomhanna samplála allamuigh a thaifeadadh chun tacú le hathshampláil ag na suíomhanna céanna. Déanfar méideanna crann amhail trastomhas agus airde a thomhas agus a thiontú go bithmhais agus carbón trí úsáid a bhaint as cothromóidí allaiméadracha iomchuí agus/nó FSBManna/FCSBManna dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.1. Déanfar faisnéis faoi speicis agus faoi mhéid crann aonair a thaifeadadh in éineacht leis na cothromóidí allaiméadracha a chuirtear i bhfeidhm nó FSBManna/FCSBManna.

Maidir leis an agrafhoraoiseacht, roghnófar líon na n-aonad plandaithe a bheidh le sampláil ag brath ar aicmí speiceas agus trastomhas na gcrann, ar na himthosca bithfhisiceacha sa limistéar gníomhaíochta, ar an eatramh muiníne inmhianaithe agus ar an lamháil earráide a nglactar léi. Déanfar líon íosta na n-aonad plandaithe atá le sampláil a ríomh trí úsáid a bhaint as cothromóid (10):

| | |
|---|---|
| $$n \geq \sigma^2 \frac{{z_\alpha}^2}{E^2}$$ | cothromóid (10) |

I gcás inarb amhlaidh:

$n$ = an líon íosta ionchasach aonad samplála

$\sigma^2$ = an t-athrú ionchasach ar bhithmhais bunaithe ar thacair sonraí áitiúla atá ann cheana nó ar thomhais nua

$z_\alpha$ = luach criticiúil an dáilte normalaigh chaighdeánaigh ar an leibhéal suntasachta is inmhianaithe $\alpha$ ($\alpha$= 100 % - leibhéal muiníne), le z-luach 1,65 le haghaidh leibhéal muiníne 90 %.

$E$ = earráid infhulaingthe (e.g. méid na héifeachta ionchasaí iolraithe faoin leibhéal muiníne)

Maidir le foraoisiú, féadfar an líon ceapach a dhéanfar a shampláil in aghaidh an stratam a ríomh trí úsáid a bhaint as Uirlis Mhodheolaíochta an tsásra glanfhorbraíochta ábhartha

maidir le foraoisiú agus athfhoraoisiú[18] nó as na huirlisí atá ar fáil arna nglacadh faoi Shásra Creidiúnúcháin Chomhaontú Pháras.

2.4.2.3. Faisnéis atá le cur san áireamh sa phlean faireacháin

I gcás ina n-úsáidfear na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.1, an chéad mhír, pointe (a), pointe (b) le cothromóidí allaiméadracha agus FSBManna/FCSBManna suíomhshonracha, nó pointe (c), áireofar an méid seo a leanas sa phlean faireacháin:

(a) tuairisc ar an dearadh samplála, ina dtugtar tuairisc shoiléir, más infheidhme, ar na modhanna agus na samhlacha arna n-úsáid, lena n-áirítear paraiméadair na samhla;

(b) léiriú go bhfuil an mhéid sampla iomchuí don dearadh samplála arna úsáid agus go bhfuil sí leordhóthanach chun athruithe ionchasacha ar an stoc carbóin a thomhas don limistéar gníomhaíochta i gcaitheamh na tréimhse deimhniúcháin, bunaithe ar litríocht eolaíoch ábhartha;

(c) an éifeacht/difríocht ábhartha íosta, is é sin, an t-athrú ionchasach ar an stoc carbóin i gcaitheamh na tréimhse deimhniúcháin a bhraithfear leis an dearadh samplála;

(d) faisnéis roimh ré maidir leis an athraitheas pobail i leith na sprioc-athróige, is é sin, an inathraitheacht ionchasach i leith an stoic carbóin sa limistéar gníomhaíochta;

(e) tuairisc ar an bpróiseas chun láithreáin shamplacha a roghnú agus údar cuí leis an bpróiseas sin, nósanna imeachta allamuigh chun tomhais a bhailiú, trealamh agus modhanna tomhais, agus próisis chun déileáil le heisiaimh agus eilimintí ionaid;

(f) bailiúchán samplach agus prótacail ábhartha dearbhaithe cáilíochta agus rialaithe cáilíochta;

(g) tuairisc ar an straitéis athshamplála agus réasúnaíocht i leith na minicíochta athshamplála arna glacadh;

(h) prótacail próiseála sonraí agus dearbhaithe cáilíochta agus rialaithe cáilíochta lena n-áirítear an chaoi a láimhseáiltear an mhinicíocht athshamplála arna glacadh agus meastachán á dhéanamh ar athruithe ar an stoc carbóin agus an éiginnteacht a bhaineann leo.

I gcás ina dtógtar na cothromóidí allaiméadracha, FSBManna nó FCSBManna dá dtagraítear i Roinn 2.4.2.1, an chéad mhír, pointe (b), ón litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe, ó fhardail foraoise réigiúnacha nó náisiúnta, nó ó fhardail GCT náisiúnta le haghaidh LULUCF, áireofar sa phlean faireacháin an fhaisnéis dá dtagraítear i Roinn 2.4.1.3.

*2.4.3. Cur chuige 3: athróga ionadacha*

2.4.3.1. Samhlacha incháilithe bunaithe ar athróga ionadacha

Maidir le samhlacha incháilithe:

(a) beidh siad infheidhme maidir le tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile;

(b) úsáidfear cineálacha fásra, doimhneacht an mhaoschláir, nó úsáid talún mar athróga ionadacha iontu, trína dtabharfar tosaíocht d'fhásra agus nach bhféadfaidh úsáid talún a bheith ina príomhathróg ionadach ach amháin in éagmais brat fásra;

[18] Uirlis Mhodheolaíochta Foraoisithe/Athfhoraoisithe UNFCCC/CCNUCC, An líon ceapach shamplach a ríomh le haghaidh tomhais i ngníomhaíochtaí tionscadail in Uirlis Mhodheolaíochta an tsásra glanfhorbraíochta ábhartha maidir le foraoisiú agus athfhoraoisiú (Leagan 02.1.0).

(c) déanfar athróga ionadacha láithreáin (amhail doimhneacht an mhaoschláir nó cineálacha fásra) a chur i gcomhchoibhneas le floscanna GCT trí úsáid a bhaint as cúlchéimniú staidrimh nó as anailís ilathráideach;

(d) beidh siad bunaithe ar mheitea-anailís ar shonraí foilsithe lena n-áirítear astaíochtaí $CO_2$ agus $CH_4$ ar a laghad;

(e) i gcás ina n-úsáidfear fásra mar athróg ionadach, déanfar idirdhealú iontu idir cineálacha fásra ar bhonn speicis plandaí nó grúpaí speiceas atá táscach maidir le doimhneacht an mhaoschláir nó cion na speiceas siúnta san fhásra.

I gcás nach mbeidh cosúlacht leordhóthanach idir cineál fásra sa limistéar gníomhaíochta agus na cineálacha fásra a úsáidtear sa tsamhail, féadfar samhlacha cúlchéimnithe idir meándoimhneacht bhliantúil an mhaoschláir agus floscanna GCT ón réigiún céanna den limistéar gníomhaíochta a úsáid chun na fachtóirí astaíochta a chinneadh.

Samhlacha a mheas an Coimisiún a bheith i gcomhréir leis na critéir seo a leanas a bheidh sna samhlacha dá dtagraítear sa chéad mhír:

(a) trédhearcacht, is é sin le rá go dtabharfar tuairisc shainiúil ar na feidhmeanna agus na paraiméadair is bun leis an tsamhail agus go mbeidh rochtain ag an bpobal ar na fachtóirí astaíochta a bhaineann go sonrach leis an athróg ionadach;

(b) creidiúnacht eolaíoch, is é sin le rá go mbeidh sé léirithe i litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe gur féidir leis an tsamhail difríochtaí idir floscanna GCT a bhrath le haghaidh na ndálaí peidichlíomacha agus na gcleachtas bainistíochta ábhartha;

(c) oiriúnacht, is é sin le rá go mbeidh an tsamhail calabraithe agus bailíochtaithe bunaithe ar thomhais dhíreacha ar fhloscanna GCT lena léirítear go cruinn an réigiún peidichlíomach ina ndéantar an ghníomhaíocht, agus go mbeidh na sonraí calabrúcháin agus bailíochtaithe neamhspleách ar a chéile, trí dhá thacar sonraí ar leithligh a úsáid gan aon fhorluí idir suíomhanna taighde, nó trí phróiseas staidrimh amhail trasbhailíochtú a úsáid;

(d) ionadaíochas agus iontaofacht, is é sin le rá go mbeidh an tsamhail bunaithe ar thomhais GCT ó cheann ceann na bliana ar 100 láithreán ar a laghad, a bheidh ionadaíoch do 10 dteaglaim éagsúla ar a laghad de dhoimhneachtaí maoschláir agus d'fhásra, i gcás inarb indéanta, i réigiún an limistéir gníomhaíochta. I gcás nach mbeidh aon samhail ar fáil don réigiún peidichlíomach ina ndéantar an ghníomhaíocht, féadfar samhail de réigiún eile ina bhfuil talamh portaigh/cineálacha ithreach orgánacha, cineálacha fásra agus dálaí aeráide comhchosúla a úsáid. Sa chás sin, úsáidfear tomhais GCT ó cheann ceann na bliana ar 10 láithreán ar a laghad, a bheidh ionadaíoch do 5 theaglaim éagsúla ar a laghad de dhoimhneachtaí maoschláir agus d'fhásra, i gcás inarb indéanta, sa réigiún ina ndéantar an ghníomhaíocht chun meastacháin a eachtarshuí trí úsáid a bhaint as an tsamhail ón réigiún eile sin.

2.4.3.2. Úsáid athróg ionadach

Déanfar bailiú faisnéise faoi athróga ionadacha a shrathú ar bhealach lena léirítear go leordhóthanach na difríochtaí ábhartha i rilíf, i gcomhdhéanamh fásra, i struchtúr fásra, i ndoimhneacht maoschláir, agus i ndoimhneacht móna sa limistéar gníomhaíochta. Féadfar leas a bhaint as eangach, as cur chuige geo-staidrimh, nó mapáil chuimsitheach, nó teaglaim díobh sin, chun an fhaisnéis sin a bhailiú. Déanfar comhordanáidí na suíomhanna samplála allamuigh a thaifeadadh chun tacú le hathshampláil ag na suíomhanna céanna.

I gcás ina n-úsáidfear fásra mar athróg ionadach, déanfar an limistéar gníomhaíochta a mhapáil ar scála 1:10,000 ar a laghad gach 5 bliana.

I gcás ina n-úsáidfear doimhneacht an mhaoschláir mar athróg ionadach, déanfar í a thomhas nó a shamhaltú dhá uair sa mhí ar a laghad, i gcás inarb indéanta.

I gcás ina n-úsáidfear cineálacha fásra, aicmí doimhneachta maoschláir agus cineálacha úsáide talún mar athróga ionadacha, is éard a bheidh san fhachtóir astaíochta meán na luachanna astaíochta bliantúla tomhaiste faoi seach.

I gcás ina n-úsáidfear doimhneacht an mhaoschláir mar athróg ionadach, úsáidfear an líne chúlchéimnithe lena gcuirtear i gcomhchoibhneas le chéile luach na n-athróg faoi seach chun an fachtóir astaíochta a ríomh.

2.4.3.3. Faisnéis atá le cur san áireamh sa phlean faireacháin

Áireofar an méid seo a leanas sa phlean faireacháin:

(a) tuairisc ar an dearadh srathaithe, samplála agus mapála, lena n-áirítear tuairisc ar roghnú samplach láithreáin agus an t-údar cuí atá leis sin, nósanna imeachta allamuigh, an trealamh arna úsáid, agus nósanna imeachta chun déileáil le heisiaimh agus le heilimintí ionaid;

(b) léiriú go bhfuil an dearadh srathaithe, samplála agus mapála iomchuí agus leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar fhloscanna GCT don limistéar gníomhaíochta le linn na tréimhse deimhniúcháin, bunaithe ar litríocht eolaíoch ábhartha;

(c) an t-athrú íosta ábhartha ionchasach ar fhloscanna GCT i gcaitheamh na tréimhse deimhniúcháin a bhraithfear leis an dearadh srathaithe, samplála agus mapála;

(d) an inathraitheacht ionchasach i bhfloscanna GCT le haghaidh an limistéir gníomhaíochta;

*2.4.4. Cur chuige 4: fachtóirí astaíochta réamhshocraithe*

2.4.4.1. Fachtóirí astaíochta incháilithe

Cumhdófar an méid seo a leanas le fachtóirí astaíochta incháilithe:

(a) Fachtóirí astaíochta leibhéal 2 a úsáidtear i bhfardal náisiúnta GCT an Bhallstáit ina ndéantar an ghníomhaíocht;

(b) i gcás nach mbeidh fáil ar fhachtóirí astaíochta faoi phointe (a), fachtóirí astaíochta leibhéal 1 atá san áireamh i dTreoirlínte 2006 IPCC[19] agus in aon mhionchoigeartú breise ar na Treoirlínte sin.

2.4.4.2. Úsáid fachtóirí astaíochta

Déanfar fachtóirí astaíochta a iolrú faoi na sonraí gníomhaíochta ábhartha.

2.4.4.3. Faisnéis atá le cur san áireamh sa phlean faireacháin

Áireofar an méid seo a leanas sa phlean faireacháin:

(a) an t-údar cuí atá leis na fachtóirí astaíochta roghnaithe;

(b) foinse na bhfachtóirí astaíochta arna n-úsáid;

(c) tuairisc ar na sonraí gníomhaíochta.

[19] https://www.ipcc-nggip.iges.or.jp/public/2006gl/pdf/4_Volume4/V4_11_Ch11_N2O&CO2.pdf

## 2.5. Cainníochtú an fhachtóra coigeartaithe éiginnteachta

Beidh an fachtóir coigeartaithe éiginnteachta cothrom le 8 % nó cothrom leis an éiginnteacht mheasta, cibé acu is airde. Chuige sin, áireofar le cainníochtú na n-aistrithe carbóin iomlána agus na n-astaíochtaí ithreach meastachán ar éiginnteacht tríd an earráid tuartha samhla a mheas, lena léireofar an éiginnteacht paraiméadar agus an éiginnteacht struchtúrach araon, mar aon le hearráid tomhais na sonraí ionchuir agus an earráid samplála a bhaineann leis an dearadh samplála a mheas, de réir mar is infheidhme. Maidir le hathruithe ar an stoc carbóin ithreach agus bithmhaise, féadfaidh cainníochtú na héiginnteachta a bheith carnach thar roinnt tréimhsí deimhniúcháin. I gcás inarb ábhartha, cuirfear éifeachtaí uath-chomhchoibhnis spásúil san áireamh i gcomhiomlánú na héiginnteachta ríofa ar fud an limistéir gníomhaíochta iomláin.

Déanfar an earráid tuartha samhla a chainníochtú trí úsáid a bhaint as bailíochtú staidrimh bunaithe ar thomhais tagartha ar an láthair nó ionsamhlú Monte Carlo. I gcás ina n-úsáidfear modh bailíochtaithe staidrimh minicíoch, sloinnfear an earráid tuartha samhla mar dhiall caighdeánach na difríochta idir na luachanna samhaltaithe agus na tomhais tagartha ar an láthair; i gcás ina n-úsáidfear ionsamhlú Monte Carlo, sloinnfear an earráid tuartha samhla mar dhiall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Déanfar na sonraí ionchuir le haghaidh ionsamhlú Monte Carlo a tharraingt ó dháileacháin ar a dtugtar tuairisc le meán-ionchuir na bparaiméadar tomhaiste agus lena n-earráid tomhais chomhfhreagrach.

Comhfhreagróidh an earráid tomhais d’earráid chaighdeánach an mheáin agus gheofar í uathu seo a leanas:

(a) saotharlanna a úsáidtear le haghaidh anailís ithreach, le haghaidh ithreacha mianracha;

(b) luachanna réamhshocraithe i dTreoirlínte 2006 IPCC, modhanna samplála staidrimh nó, i gcás nach mbeidh fáil ar na luachanna réamhshocraithe sin, breithiúnas saineolaithe, maidir le hithreacha orgánacha;

(c) treoirlínte 2006 IPCC, maidir le bithmhais;

(d) faisnéis ó tháirgeoirí trealaimh tomhais.

I gcás bithmhaise, comhfhreagróidh an earráid samplála d’earráid chaighdeánach an mheáin agus déanfar í a ríomh bunaithe ar shampláil arís agus arís eile ar chuid de na suíomhanna samplála. I gcás ithreacha mianracha, comhfhreagróidh an earráid samplála d’earráid chaighdeánach an mheáin agus déanfar í a ríomh bunaithe ar shampláil arís agus arís eile ar chuid de na suíomhanna samplála nó ar fhaisnéis áitiúil maidir le hinathraitheacht COI ó fhoinsí atá ann cheana. Agus FSBManna/FCSBManna á n-úsáid, déanfar an éiginnteacht a fhorleathadh sna hathruithe stoic carbóin a bheidh mar thoradh air sin le haghaidh bithmhais bheo i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC maidir le héiginnteachtaí a chomhcheangal[20].

I gcás athruithe ar stoc COI agus stoc carbóin bithmhaise, ríomhfar an fachtóir coigeartaithe éiginnteachta (UNC) i gcomhréir le cothromóid (11), i gcás ina n-úsáidfear samhlacha, agus i gcomhréir le cothromóid (12), i gcás ina n-úsáidfear tomhais dhíreacha:

| | |
|---|---|
| $$fachtóir\ coigeartaithe\ éiginnteachta = \left(\frac{SD_{\Delta x}}{\Delta x}\right) \times t_{ci}$$ | cothromóid (11) |

[20] https://www.ipcc-nggip.iges.or.jp/public/2006gl/pdf/1_Volume1/V1_3_Ch3_Uncertainties.pdf agus https://www.ipcc-nggip.iges.or.jp/public/2019rf/pdf/1_Volume1/19R_V1_Ch03_Uncertainties.pdf

| | |
|---|---|
| $$fachtóir\ coigeartaithe\ éiginnteachta = \left(\frac{SE_{\Delta x}}{\Delta x}\right) \times t_{ci}$$ | cothromóid (12) |

I gcás inarb amhlaidh:

$SD_{\Delta x}$ = diall caighdeánach an mheánathraithe shamhaltaithe ar an stoc carbóin i linn charbóin x

$SE_{\Delta x}$ = earráid chaighdeánach an mheánathraithe thomhaiste ar an stoc carbóin i linn charbóin x

$\Delta x$ = an meánathrú measta ar an stoc i linn charbóin x

$t_{ci}$ = luach t le haghaidh t-dháileadh Student leataobhach ag eatramh muiníne *ci*, a bheidh cothrom le 70 % le haghaidh athruithe ar stoc COI agus 90 % le haghaidh athruithe ar stoc carbóin bithmhaise

I gcás astaíochtaí $N_2O$ ó ithreacha talmhaíochta bainistithe, cinnfear an fachtóir coigeartaithe éiginnteachta i gcomhréir le cothromóid (13).

| | |
|---|---|
| $$fachtóir\ coigeartaithe\ éiginnteachta = \left(\frac{SD_{\Delta N2O}}{\Delta N2O}\right) \times t_{ci}$$ | cothromóid (13) |

I gcás inarb amhlaidh:

$SD_{\Delta N2O}$ = diall caighdeánach an mheánlaghdaithe shamhaltaithe ar astaíochtaí $N_2O$ ó ithir

$\Delta N2O$ = meánlaghdú measta ar astaíochtaí $N_2O$ ó ithir

$t_{ci}$ = t-luach do t-dháileadh Student leataobhach ag eatramh muiníne *ci* a bheidh cothrom le 70 %

Nuair a úsáidtear athróga ionadacha chun astaíochtaí CO2 agus CH4 ó ithreacha orgánacha a chainníochtú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, beidh feidhm ag fachtóir coigeartaithe éiginnteachta réamhshocraithe atá cothrom le 10 %.

I gcás ina n-úsáidfear fachtóirí astaíochta chun astaíochtaí $N_2O$ ó ithreacha talmhaíochta bainistithe a chainníochtú agus faireachán a dhéanamh orthu, is é 15 % a bheidh san fhachtóir coigeartaithe éiginnteachta, i gcás ina n-úsáidfear fachtóirí astaíochta leibhéal 1, nó 10 %, i gcás ina n-úsáidfear fachtóirí astaíochta leibhéal 2.

## 3. BREISÍOCHT

### 3.1. Tástáil rialála

Léireofar leis an tástáil sin nach bhfuil an ghlantairbhe aeráide a eascraíonn as an ngníomhaíocht ina toradh ar aon cheanglas dlíthiúil ar an oibreoir a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais nó as reachtaíocht náisiúnta an ghníomhaíocht a dhéanamh sa limistéar gníomhaíochta, mura dtagraítear sa reachtaíocht sin do dheimhniúchán faoi Rialachán (AE) 2024/3012 mar ionstraim le haghaidh cur chun feidhme nó mura gcomhtháthaítear go foirmiúil é amhlaidh.

Áirítear sa reachtaíocht náisiúnta dlíthe, reachtanna agus rialacháin ar an leibhéal réigiúnach freisin, chomh maith le horduithe cúirte nó comhaontuithe eile atá ceangailteach ó thaobh dlí.

Féadfaidh aistrithe carbóin nó laghduithe astaíochtaí ithreach a eascraíonn as gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoi oibleagáidí náisiúnta nó faoi oibleagáidí de chuid an Aontais a bheith incháilithe le haghaidh deimhniúcháin má théitear níos faide ná na ceanglais sin leo, ach ní fhéadfar ach na haistrithe carbóin breise nó na laghduithe breise ar astaíochtaí ithreacha a áireamh sa ghlantairbhe aistrithe carbóin nó laghdaithe astaíochtaí ithreach.

## 3.2. Inmharthanacht airgeadais

### *3.2.1. Tástáil um éifeacht dreasachta*

Léireofar leis an tástáil sin go bhfuil éifeacht dreasachta ag deimhniúchán, is é sin go bhfágann deimhniúchán go spreagtar an t-oibreoir a iompraíocht a athrú chun dul i mbun na gníomhaíochta breise, rud nach ndéanfadh sé gan deimhniúchán nó a dhéanfadh sé ar bhealach srianta nó éagsúil.

Is dreasacht é an deimhniúchán don oibreoir i gcás nár cuireadh tús leis an obair ar an ngníomhaíocht ábhartha go fóill tráth a cuireadh an t-iarratas isteach chuig an scéim deimhniúcháin nó tráth a chuaigh sé isteach i ngrúpa oibreoirí. I ndáil leis sin, ciallaíonn tús na n-oibreacha ar an ngníomhaíocht cibé acu is luaithe de thús na gníomhaíochta, nó an chéad ghealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de i dtaobh trealamh a ordú nó seirbhísí a úsáid nó aon ghealltanas eile a fhágann go bhfuil an ghníomhaíocht dochúlaithe. Ní mheastar gur tús na n-oibreacha ar an ngníomhaíocht iad oibreacha ullmhúcháin amhail ceadanna a fháil agus staidéir féidearthachta a dhéanamh.

De mhaolú ar an gcéad mhír agus ar an dara mír, meastar gur comhlíonadh an tástáil ar éifeacht dreasachta sna cásanna seo a leanas:

(a) oibreoirí a chuir tús leis an ngníomhaíocht sula ndearna siad iarratas ar scéim deimhniúcháin nó sula ndeachaigh siad isteach i ngrúpa oibreoirí, má cuireadh tús leis an ngníomhaíocht idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027. Sa chás sin, chun an bhonnlíne a chainníochtú, is é a bheidh sa tréimhse thagartha dá dtagraítear i Roinn 2.3.1 na 3 bliana ar a laghad díreach roimh thús na n-oibreacha ar an ngníomhaíocht ábhartha, agus féadfar a áireamh sa chur chuige cainníochtaithe dá dtagraítear i Roinn 2.3.1 crainn agus fásra a bhí sa limistéar gníomhaíochta sular cuireadh an t-iarratas isteach chuig an scéim deimhniúcháin nó sula ndeachthas isteach i ngrúpa oibreoirí, má plandaíodh nó má síolaíodh iad idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027;

(b) oibreoirí a chuir tús leis an ngníomhaíocht faoi scéim deimhniúcháin sular tugadh aitheantas di faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2358. Ní bheidh incháilithe le haghaidh deimhniúcháin ach aistrithe carbóin nó laghduithe astaíochtaí ithreach arna ngineadh tar éis ghlacadh an chinnidh aitheantais.

### *3.2.2. Tástálacha inmharthanachta airgeadais*

Léireofar leis na tástálacha inmharthanachta airgeadais, trí bhíthin anailís infheistíochta, nach bhfuil an ghníomhaíocht inmharthana ó thaobh airgeadais de in éagmais ioncam ó dheimhniúchán.

Chuige sin, féadfar an tástáil costais shimplí nó an tástáil comparáide infheistíochta a úsáid. Ní fhéadfar an tástáil costais shimplí a úsáid ach amháin i gcás nach nginfidh an ghníomhaíocht aon choigilteas costais ná aon ioncam seachas ioncam ó dheimhniúchán le linn na tréimhse faireacháin.

3.2.2.1. *Tástáil costais shimplí*

Déanfar an tástáil costais shimplí trí úsáid a bhaint as na céimeanna seo a leanas:

(a) tuairisc a thabhairt ar na costais a bhaineann le maoiniú na gníomhaíochta le linn na tréimhse faireacháin;

(b) a léiriú le fianaise iomchuí nach nginfeadh an ghníomhaíocht, in éagmais deimhniúcháin, coigilteas costais ná ioncam le linn na tréimhse faireacháin;

(c) aon chistiú poiblí a sholáthraítear don ghníomhaíocht a dhoiciméadú agus a léiriú nach líonfadh cistiú poiblí bearna chistiúcháin na gníomhaíochta in éagmais an ioncaim ó dheimhniúchán.

3.2.2.2. *Tástáil comparáide infheistíochta*

Sa tástáil comparáide infheistíochta, cuirfear tarraingteacht airgeadais na gníomhaíochta i gcomparáid le cás infheistíochta malartach.

Déanfar an tástáil comparáide infheistíochta trí úsáid a bhaint as na céimeanna seo a leanas:

(a) tuairisc a thabhairt ar na costais a bhaineann le maoiniú na gníomhaíochta agus le maoiniú an cháis mhalartaigh le linn na tréimhse faireacháin;

(b) glanluach láithreach na hinfheistíochta a úsáid mar tháscaire chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht airgeadais na gníomhaíochta agus an cháis mhalartaigh;

(c) inmharthanacht airgeadais na gníomhaíochta agus an cháis mhalartaigh a ríomh gan ioncam ón deimhniúchán, agus úsáid á baint as an nglanluach láithreach arna ríomh i gcomhréir le cothromóid (14), agus údar cuí á thabhairt leis an ríomh, le fianaise iomchuí;

| | |
|---|---|
| $glanluach\ láithreach = \sum \frac{P - L}{(1+i)^t}$ | cothromóid (14) |

I gcás inarb amhlaidh:

P =ioncam ionchasach ón ngníomhaíocht (gan ioncam ó dheimhniúchán)

L =costais ionchasacha na gníomhaíochta

i =meánchostas ualaithe measta an chaipitil nó ráta lascaine 3,5 %[21]

t =tréimhse faireacháin;

(d) agus Roinn 3.2.2.1, pointe (c) á cur i bhfeidhm;

(e) a léiriú nach í an ghníomhaíocht, in éagmais ioncam ó dheimhniúchán, an cás is inmharthana ó thaobh airgeadais de, trí chomparáid a dhéanamh idir an glanluach láithreach arna ríomh i leith na gníomhaíochta agus i leith an cháis mhalartaigh.

[21] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

3.2.2.3. *Rialacha comhchoiteanna le haghaidh tástáil costais shimplí agus tástáil comparáide infheistíochta*

Áireofar sna tástálacha na costais ábhartha uile, lena n-áirítear caiteachas caipitiúil (CAPEX), caiteachas oibríochtúil (OPEX) agus deischostais, agus gach ioncam agus coigilteas costais, lena n-áirítear aon chistiú poiblí a fuarthas. Féadfar a áireamh sna tástálacha freisin na costais a bhaineann le haon bhacainn atá roimh an ngníomhaíocht a bheartaítear i gcás inar féidir luach airgid a chur orthu agus iad a chainníochtú mar chostais bhreise.

Ní áireofar sna tástálacha caiteachas arna thabhú roimh thús na gníomhaíochta, ach amháin i gcás ina bhfuil an caiteachas sin nasctha go díreach leis an ngníomhaíocht agus inar gealladh é roimh an dáta tosaigh, ach ina bhfuil an íocaíocht le déanamh tar éis an dáta tosaigh.

Beidh na paraiméadair agus na toimhdí uile comhsheasmhach go hinmheánach. Déanfar na toimhdí, na sonraí agus na conclúidí a dhoiciméadú ar bhealach trédhearcach agus tabharfar údar iomchuí leo agus tabharfar bunús iomchuí leo le fianaise.

Cuirfear an tástáil chun feidhme ar bhealach coimeádach.

## 4. STÓRÁIL, FAIREACHÁN AGUS DLITEANAS

### 4.1. Measúnú riosca

Déanfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí measúnú riosca ar an ngníomhaíocht roimh thús na tréimhse gníomhaíochta. Ní áireofar sa ráta riosca a eascraíonn as an measúnú riosca ar an ngníomhaíocht ach teagmhais dhosheachanta.

Maidir le haisiompuithe a eascraíonn as bainistiú na gníomhaíochta agus aon ghníomhaíocht thoiliúil eile de chuid an oibreora nó as míbhainistiú, faillí nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha de chuid an oibreora, lena n-áirítear mar thoradh ar dhócmhainneacht, nó aisiompuithe a tharla tar éis mainneachtain na bearta maolaithe riosca atá inchurtha i leith an oibreora a chur chun feidhme, aicmeofar iad mar chinn inseachanta.

Is mar chinn dhosheachanta a aicmeofar aisiompuithe a eascraíonn as teagmhais nádúrtha agus teagmhais fhoircneacha, cogadh nó gníomhartha sceimhlitheoireachta, athruithe ar bheartais nó ar cheanglais dhlíthiúla lena gcoisctear ar an oibreoir bearta maolaithe riosca a chur chun feidhme agus aisiompuithe a eascraíonn as gníomhaíocht neamhdhleathach arna déanamh ag tríú páirtithe ar gníomhaíocht í nach bhféadfaidh an t-oibreoir í a rialú, dul i bhfeidhm uirthi ná í a bhainistiú trí mhodhanna dlíthiúla.

Maidir le haisiompuithe arbh iad aon tosca nár sainaithníodh sa mheasúnú riosca is cúis leo, is mar chinn inseachanta a aicmeofar iad agus ní fhéadfar iad a aicmiú mar chinn dhoseachanta ach amháin má thugtar údar cuí leis sin, amhail i gcásanna inar léir go bhfuil *force majeure* i gceist. Measfar luathfhoirceannadh gníomhaíochta a ghin aonaid ceaptha feirmeoireachta carbóin a bheith ina aisiompú lán-inseachanta.

Más rud é, laistigh den tréimhse faireacháin, nach mó na hastaíochtaí iomlána ó scaoileadh carbóin stóráilte ná na haistrithe carbóin iomlána ionchasacha tar éis dheireadh na tréimhse gníomhaíochta, ní cháileoidh na hastaíochtaí sin mar aisiompú.

Tabharfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí an measúnú riosca cothrom le dáta gach 5 bliana agus tar éis aon teagmhas dosheachanta.

*4.1.1. Talmhaíocht ar ithreacha mianracha*

Ríomhfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí ráta riosca i leith na gníomhaíochta, a bheidh bunaithe ar dhá tháscaire[22]:

(a) guais, is é sin, na dálaí aeráide agus an bainistiú talún lena spreagtar athruithe ar COI, agus dá n-úsáidfear athruithe le déanaí ar COI sa limistéar gníomhaíochta mar athróg ionadach;

(b) leochaileacht, is é sin, saintréithe na hithreach a fhágann gur mó an seans go gcaillfear carbón aisti i gcás guaise, agus a n-úsáidfear leibhéal an tsáithithe carbóin sa limistéar gníomhaíochta mar athróg ionadach ina leith.

Chun críocha na chéad mhíre, pointe (a), déanfar meastachán ar na hathruithe ar COI sa limistéar gníomhaíochta le linn na 10 mbliana roimh thús na tréimhse gníomhaíochta. Chuige sin, féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí úsáid a bhaint as a gcuid sonraí féin, as sonraí ó shuirbhéanna náisiúnta nó as an meastachán is déanaí ar athruithe ar COI bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún[23].

Déanfar an táscaire guaise a aicmiú mar seo a leanas:

(a) íseal, i gcás ina bhfuil méadú tagtha ar COI nó inar fhan sé cobhsaí;

(b) ard, i gcás ina bhfuil laghdú tagtha ar COI.

Chun críocha na chéad mhíre, pointe (b), ríomhfar sáithiú carbóin mar an cóimheas idir meánchion an charbóin orgánaigh atá ceangailte le mianraí (COCM) sa limistéar gníomhaíochta agus cion uasta an COCM sa chrios peidea-chomhshaoil lena mbaineann an limistéar gníomhaíochta, arna shloinneadh mar chéatadán.

Chuige sin, féadfar luachanna sáithiúcháin carbóin arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún[24] a úsáid. De rogha air sin, féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí na leibhéil COCM sa limistéar gníomhaíochta a thomhas mar an carbón orgánach a bhaineann le codán mín na hithreach (is é sin, siolta agus cré) is féidir a aonrú le codánúchán méide (<53 micreamhéadar[25]) den bhulcithir[26], agus é a roinnt ar chion uasta an COCM sa chrios ábhartha peidea-chomhshaoil, arna chur ar fáil ag an gCoimisiún[27].

Déanfar an táscaire leochaileachta a aicmiú mar a leanas:

(a) íseal, i gcás ina bhfuil an sáithiú carbóin níos lú ná 68 %;

(b) ard, i gcás ina bhfuil an sáithiú carbóin cothrom le 68 % nó inar mó ná sin é.

---

22 Breure, T.S., De Rosa, D., Panagos, P., Cotrufo, M.F., Jones, A. agus Lugato, E., 2025. Revisiting the soil carbon saturation concept to inform a risk index in European agricultural soils. *Nature Communications*, *16*(1), lch. 2538. https://doi.org/10.1038/s41467-025-57355-y

23 https://esdac.jrc.ec.europa.eu/esdacviewer/euso-dashboard/dashboard-stage/

24 *Ibidem*

25 Féadfar deighilt COCM faoi bhun 63 mhicreamhéadar chomh maith le deighilt dlúis le leacht ag a bhfuil dlús de ghnáth idir 1.6 agus 1.85 g cm-3 a úsáid freisin.

26 Lugato, E., Lavallee, J.M., Haddix, M.L. *et al.* Different climate sensitivity of particulate and mineral-associated soil organic matter. *Nat. Geosci.* 14, 295–300 (2021). https://doi.org/10.1038/s41561-021-00744-x

27 https://esdac.jrc.ec.europa.eu/esdacviewer/euso-dashboard/dashboard-stage/

Ar bhonn theaglaim na dtáscairí guaise agus leochaileachta, cinnfear an ráta riosca (arna shloinneadh mar an sciar den charbón atá i mbaol a scaoilte) i gcomhréir le Tábla 5.

Tábla 5

| | | Guais | |
|---|---|---|---|
| | | *Íseal* | *Ard* |
| **Leochaileacht** | *Íseal* | 2 % | 6 % |
| | *Ard* | 4 % | 10 % |

I gcás ina mbeidh an limistéar gníomhaíochta i mbaol tuilte nó i mbaol ard nó an-ard go dtarlódh sciorradh talún, déanfar an ráta riosca a léirítear i dTábla 5 a iolrú faoi 1.25; i gcás ina mbeidh an limistéar gníomhaíochta i mbaol an dá rud sin, déanfar an ráta riosca a léirítear i dTábla 5 a iolrú faoi 1.5. Chuige sin, úsáidfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí léarscáileanna de rioscaí tuilte agus den riosca go dtarlódh sciorradh talún arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún[28], nó léarscáileanna náisiúnta.

Féadfaidh grúpaí oibreoirí meán ualaithe an ráta riosca ar fud an limistéir gníomhaíochta a úsáid.

I gcás ina gcuirfear cleachtais maolaithe riosca i bhfeidhm lena dtéitear níos faide ná na ceanglais incháilitheachta agus na ceanglais íosta inbhuanaitheachta, amhail barra domhainfhréamhaithe agus seichimh barr éagsúlaithe a úsáid, féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí an ráta riosca bunaithe ar an ngníomhaíocht a choigeartú. Chuige sin, féadfar an ráta riosca a eascraíonn as na tacair sonraí arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún a laghdú trína iolrú faoi fhachtóir idir 0,8 agus 1. Faoi scéimeanna deimhniúcháin, féadfar treoraíocht bhreise a sholáthar maidir leis na cleachtais maolaithe riosca sin agus maidir leis an bhfachtóir comhfhreagrach.

*4.1.2. Foraoisiú agus agrafhoraoiseacht*

Déanfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí measúnú ar oiriúnacht na speiceas agus ar chomhdhéanamh na speiceas ag tús na tréimhse gníomhaíochta agus ag deireadh na tréimhse faireacháin. Measfar speiceas crainn a bheith oiriúnach i gcás ina dtiocfaidh na dálaí aeráide atá ann faoi láthair agus iad siúd a bheidh ann amach anseo faoi raonta na nideoige aeráide oiriúnaí samhaltaithe i leith an speicis sin nó na bunáitíochta a bheartaítear dó.

Chuige sin, féadfar an tacar sonraí maidir le hoiriúnacht speiceas atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, arna chur ar fáil ag an gCoimisiún[29], a úsáid. De rogha air sin, féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí úsáid a bhaint as measúnuithe náisiúnta tiomnaithe nó as samhlacha imchlúdaigh aeráide atá bailíochtaithe go heolaíoch agus a foilsíodh i litríocht phiarmheasúnaithe agus atá bunaithe ar chásanna aeráide arna samhaltú faoi Chonair Tiúchana Ionadaíoch 4.5 nó cásanna aeráide níos coimeádaí.

Úsáidfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí ráta riosca i leith na gníomhaíochta bunaithe ar na tacair sonraí arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún[30].

Féadfaidh grúpaí oibreoirí meán ualaithe an ráta riosca ar fud an limistéir gníomhaíochta a úsáid.

I gcás ina gcuirfear cleachtais maolaithe riosca i bhfeidhm lena dtéitear níos faide ná na ceanglais incháilitheachta agus na ceanglais íosta inbhuanaitheachta, amhail comhphlandú

28 *Ibidem*
29 https://data.jrc.ec.europa.eu/collection/id-00445
30 *Ibidem*

fásra lena gcoisctear inmhíolú lotnaidí, toitbhearnaí agus túir dhóiteáin a bhunú, agus rochtain réidh ar threalamh leordhóthanach comhraicthe dóiteáin, féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí an ráta riosca bunaithe ar an ngníomhaíocht a choigeartú. Chuige sin, féadfar an ráta riosca a eascraíonn as na tacair sonraí arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún a laghdú trína iolrú faoi fhachtóir idir 0,8 agus 1. Faoi scéimeanna deimhniúcháin, féadfar treoraíocht bhreise a sholáthar maidir leis na cleachtais maolaithe riosca sin agus maidir leis an bhfachtóir comhfhreagrach.

## 4.2. Sásraí dliteanais

Maidir le gníomhaíochtaí lena ngintear glantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin, úsáidfear sásra dliteanais chun rioscaí maidir le haisiompuithe a chumhdach ar cinn iad a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin agus a dhéanann difear d’aonaid a trádáladh, is é sin, aonaid nach bhfuil i gcuntas an oibreora sa chlárlann a thuilleadh.

Chuige sin, beidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí rannpháirteach i maolán comhchoiteann arna bhainistiú ag scéim deimhniúcháin nó gheobhaidh siad cumhdach leordhóthanach faoi pholasaí árachais nó faoi tháirgí ráthaíochta inchomparáide agus coinneoidh siad an cumhdach sin ar bun. Comhlíonfaidh an chuideachta árachais nó an ráthaíocht inchomparáide rialacha ábhartha an mhargaidh airgeadais.

I gcás ina n-úsáidtear maolán comhchoiteann mar shásra dliteanais, tar éis gach iniúchta athdheimhniúcháin, déanfaidh scéimeanna deimhniúcháin sciar aonad atá cothrom ar a laghad leis an ráta riosca arna shuí sa mheasúnú riosca dá dtagraítear i Ranna 4.1.1 agus 4.1.2 a leithdháileadh ar an maolán comhchoiteann. Áiritheofar leis an scéim deimhniúcháin, i gcás aisiompú dosheachanta agus inseachanta na mbunaonad carbóin a trádáladh, go gcuirfear an líon céanna aonad ón maolán comhchoiteann in ionad na n-aonad sin. Beidh an fad céanna atá fágtha ar a laghad ag na haonaid sin agus atá ag na haonaid a ndéanann an t-aisiompú difear dóibh.  I gcás aisiompuithe inseachanta ar cuireadh aonaid ar ceal ón maolán comhchoiteann ina leith, beidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí faoi dhliteanas iomlán as an maolán comhchoiteann a athlíonadh le líon coibhéiseach aonad den fhad céanna ar a laghad leis na haonaid a cuireadh ar ceal.

I gcás ina n-úsáidfear árachas mar shásra dliteanais, soláthróidh an chuideachta árachais cúiteamh airgeadais nó cúiteamh comhchineáil i gcás aisiompú dosheachanta na mbunaonad carbóin a trádáladh. I gcás cúiteamh comhchineáil, beidh an fad céanna atá fágtha ar a laghad ag na haonaid agus atá ag na haonaid a ndéanann an t-aisiompú difear dóibh. I gcás aisiompuithe inseachanta, beidh oibreoirí faoi dhliteanas iomlán.

Déanfaidh scéimeanna deimhniúcháin measúnú ar na rioscaí a bhaineann le luathfhoirceannadh na gníomhaíochta, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, bainistíochta agus sóisialta. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, bunóidh siad sásraí dliteanais chun luathfhoirceannadh na gníomhaíochta a dhíspreagadh agus chun aghaidh a thabhairt ar aisiompuithe inseachanta i gcás dócmhainneacht oibreoirí.

Faoi scéimeanna deimhniúcháin, áiritheofar athléimneacht, leordhóthanacht agus sócmhainneacht an mhaoláin chomhchoitinn, lena n-áirítear trí thástáil thráthrialta struis ar leordhóthanacht an chumhdaigh riosca. Faoi scéimeanna deimhniúcháin, foilseofar comhdhéanamh an mhaoláin chomhchoitinn go bliantúil, lena n-áirítear sciar na n-aonad arna leithdháileadh ar an maolán de réir an dáta eisiúna, an réigiúin agus an chineáil gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin. Déanfar measúnú sa tástáil struis ar athléimneacht an mhaoláin chomhchoitinn i leith raon cásanna ina bhfuil riosca ann go dtarlóidh aisiompú, inter alia, ar bhonn raon na rátálacha riosca chomh maith le mórtheagmhais aisiompaithe, a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí atá nasctha leis an maolán comhchoiteann. Déanfar an tástáil

struis gach 5 bliana ar a laghad agus i gcás mórtheagmhas aisiompaithe. I gcás inar gá, ar bhonn thorthaí na tástála struis, déanfar bearta faoi scéimeanna deimhniúcháin chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a dhéanann difear d'athléimneacht, leordhóthanacht agus sócmhainneacht an mhaoláin chomhchoitinn.

Tar éis dheireadh na tréimhse faireacháin, rachaidh na haonaid mhaolánaithe in éag agus cuirfear ar ceal iad sa chlárlann deimhniúcháin ábhartha.

## 5. INBHUANAITHEACHT

### 5.1. Ceanglais íosta inbhuanaitheachta

Le linn na tréimhse gníomhaíochta, comhlíonfaidh oibreoirí na ceanglais íosta inbhuanaitheachta seo a leanas:

(a) maolú ar an athrú aeráide

I gcás ina n-áireofar leis an ngníomhaíocht talamh curaíochta a thiontú ina fhéarthalamh dá dtagraítear i Roinn 1.1.1.1, pointe (a)(iii), ní fhéadfaidh oibreoirí féarthalamh buan a thiontú ina thalamh curaíochta sa limistéar atá faoina rialú oibríochtúil.

Chun tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, ní fhéadfaidh oibreoirí an maoschlár sa limistéar atá faoina rialú oibríochtúil a ísliú go saorga trí úsáid córas nua draenála.

I gcás gníomhaíochtaí foraoisithe, ní fhéadfaidh oibreoirí talamh foraoise a thiontú ina thalamh curaíochta nó ina fhéarthalamh sa limistéar atá faoina rialú oibríochtúil.

Cé is moite de mhóin atá i mbithdhramhaíl mhúirínithe nó a úsáidtear mar mheáin fáis le haghaidh síológa agrafhoraoiseachta nó le haghaidh plandlanna crann, ní úsáidfear móin ná táirgí a bhfuil móin iontu.

I gcás talmhaíocht ar ithreacha mianracha, ní fhéadfaidh oibreoirí coinleach a dhó.

(b) oiriúnú don athrú aeráide

Beidh an ghníomhaíocht comhsheasmhach le straitéisí agus pleananna áitiúla, earnála, réigiúnacha nó náisiúnta um oiriúnú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

(c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní uisce agus muirí agus iad a chosaint.

Sainaithneofar rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tabharfar aghaidh ar na rioscaí sin i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] agus le plean bainistithe abhantraí, arna fhorbairt i gcomhréir leis an Treoir sin.

Ní bheidh sé ina thoradh ar an ngníomhaíocht go gcuirfear isteach ar dhea-stádas comhshaoil uiscí mara a bhaint amach ná go dtiocfaidh meath ar uiscí mara a bhfuil dea-stádas comhshaoil acu cheana féin mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe 5, de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

---

31 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

32 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

I gcás ina mbeidh toiliú forbartha faighte ag an ngníomhaíocht lena dtugtar aghaidh ar riosca an díghrádaithe comhshaoil tar éis measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] lena n-áirítear measúnú ar an tionchar ar uisce nó ar uiscí mara i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE nó Treoir 2008/56/CE, faoi seach, ní cheanglaítear aon mheasúnú breise a dhéanamh ar an tionchar ar uisce.

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe

Níl feidhm ag aon cheanglas íosta.

(e) truailliú a chosc agus a rialú

Maidir le talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha agus maidir le cleachtais a bhaineann le hathfhliuchadh agus le hathbhunú tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile dá dtagraítear i Roinn 1.1.2.1, an dara mír, comhlíonfaidh an ghníomhaíocht na bearta sainordaitheacha a leagtar amach i gcláir ghníomhaíochta náisiúnta arna mbunú faoi Threoir 91/676/CEE ón gComhairle[34]. Ní thiocfaidh méadú ar an meán ar an truailliú a eascraíonn as táirgí cosanta plandaí a leathadh le linn na tréimhse gníomhaíochta i gcomparáid le bonnlíne. Chun na críche sin, glacfar leis sa bhonnlíne go leanfar de leathadh táirgí cosanta plandaí arna thaifeadadh i rith na tréimhse tagartha céanna a úsáidtear chun an bhonnlíne dá dtagraítear i Roinn 2.3.1 a ríomh agus féadfar a léiriú inti an leathadh táirgí cosanta plandaí is gá chun ráigeanna lotnaidí, galar agus speiceas coimhthíoch ionrach a tharlaíonn i rith na tréimhse gníomhaíochta a rialú.

Maidir leis na cleachtais a bhaineann le tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile dá dtagraítear i Roinn 1.1.2.1, an chéad mhír, a athfhliuchadh agus a athbhunú, ní fhéadfaidh lotnaidí a úsáid mar chuid den ghníomhaíocht ach amháin i gcás inar gá sin chun ráigeanna mórscála lotnaidí, galar agus speiceas coimhthíoch ionrach a rialú, agus ní úsáidfear leasacháin ná aoileach lena linn.

Maidir le foraoisiú, ní fhéadfaidh lotnaidicídí a úsáid mar chuid den ghníomhaíocht ach amháin i gcás inar gá sin chun ráigeanna speiceas coimhthíoch ionrach nó lotnaidí coraintín nó ráigeanna mórscála lotnaidí nó galar a rialú. Ní úsáidfear leasacháin sa ghníomhaíocht, ach amháin i gcás ina mbeidh gá leo chun marthanas agus fás plandaí óga a áirithiú, amhail i limistéir a ndéanann gaineamhlú difear dóibh, nó i gcás ina bhfuil neamhchothroime idir cothaithigh shonracha a dhéanann dochar do shláinte crann. Sa chás sin, féadfaidh sé a bheith i gceist leis an ngníomhaíocht úsáid a bhaint as bithluaith a dhíorthaítear ó bhithmhais neamhchóireáilte, agus ó leasacháin orgánacha, cé is moite de sciodar beostoic nó aoiligh leachtacha. Comhlíonfaidh an ghníomhaíocht Rialachán (AE) 2019/1009 agus rialacha náisiúnta maidir le leasacháin agus reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta maidir le comhábhair ghníomhacha.

I gcás ina mbeidh gá le lotnaidicídí, tabharfar tús áite do chineálacha cur chuige nó teicnící malartacha, amhail roghanna malartacha neamhcheimiceacha in ionad lotnaidicídí i gcomhréir le Treoir 2009/128/CE.

---

33 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

34 Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/676/oj).

(f) an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach chomh maith le díghrádú talún a sheachaint

I limistéir arna n-ainmniú ag an údarás náisiúnta inniúil don chaomhnú nó i ngnáthóga atá faoi chosaint, déanfar an ghníomhaíocht i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe i leith na limistéar sin.

Eisiafar leis an ngníomhaíocht úsáid nó scaoileadh speiceas coimhthíoch ionrach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35].

Maidir le talmhaíocht agus agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha agus maidir le tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus athbhunú, ní bheidh sé ina thoradh ar an ngníomhaíocht go dtiontófar gnáthóga atá íogair go sonrach do chailliúint na bithéagsúlachta nó a bhfuil ardluach caomhnaithe acu.

Maidir le foraoisiú, ní bheidh sé ina thoradh ar an ngníomhaíocht go mbeidh meath ar stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas atá íogair go sonrach do chailliúint na bithéagsúlachta nó a bhfuil ardluach caomhnaithe acu, ná go dtiocfaidh meath ar limistéir arna n-ainmniú i ndáil leis na gnáthóga agus na speicis sin a athbhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, ná ní bheidh ina thoradh uirthi go dtiocfaidh meath ar adhmad marbh ná go ndéanfar díghrádú nach beag ar an ithir.

Ina theannta sin, maidir le cleachtais a bhaineann le tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile dá dtagraítear i Roinn 1.1.2.1, an chéad mhír, a athfhliuchadh agus a athbhunú, beidh an ghníomhaíocht i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais athbhunaithe is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

### 5.2. Comhthairbhí i ndáil leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach agus díghrádú talún a sheachaint

Bainfidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí úsáid as ceann amháin nó níos mó de na roghanna seo a leanas chun a léiriú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht an oibleagáid comhthairbhí a ghiniúint maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach agus díghrádú talún a sheachaint agus comhthairbhí den sórt sin a thuairisciú:

(a) léiríodh i litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe lena n-áirítear páipéir shintéise, meitea-athbhreithnithe nó meitea-anailísí, amhail, i gcás inarb infheidhme, leabharlann fianaise an Choimisiúin[36], go bhfuil tionchair thairbheacha ag aon chleachtas amháin ar a laghad ar chosaint nó athbhunú na bithéagsúlachta nuair a dhéantar é in éiceachórais chomhchosúla nó faoi dhálaí peidichlíomacha comhchosúla;

(b) comhfhreagraíonn aon chleachtas amháin ar a laghad do thíopeolaíocht beart dá dtagraítear i bpointe 14.4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/912 ón gCoimisiún[37] agus is cuidiú é go gníomhach nó go

---

35 Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1143/oj).

36 https://datam.jrc.ec.europa.eu/datam/mashup/JRC_FP_EVIDENCE_LIBRARY/index.html

37 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/912 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid aonfhoirmeach le haghaidh na bpleananna athchóirithe náisiúnta (IO L, 2025/912, 20.5.2025*ELI:* *http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/912/oj*). Tá na

héighníomhach i dtaobh 'athchóiriú' an éiceachórais mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38];

(c) tá cleachtas amháin ar a laghad ailínithe le pleananna bainistíochta agus bearta cur chun feidhme eile faoi Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[40] a chomhfhreagraíonn do cheanglais éiceolaíocha na ngnáthóg nádúrtha a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE nó léiríodh go cáilíochtúil go rannchuidíonn sé le cineál gnáthóige nó gnáthóg speiceas atá ar leas an Aontais a chur i riocht feabhsaithe, nó le gnáthóg den sórt sin a choinneáil i ndea-riocht, agus úsáid á baint as modheolaíochtaí seanbhunaithe amhail iad siúd faoi na Treoracha sin, nó as an modheolaíocht uile-Aontais maidir le riocht éiceachórais a mhapáil agus a mheasúnú le haghaidh éiceachórais eile[41];

(d) i gcás foraoisiú, sa bhreis ar na roghanna a dtugtar tuairisc orthu i bpointí (a), (b) agus (c), meastar go soláthraítear le gach ceann de na cleachtais seo a leanas comhthairbhí maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach agus díghrádú talún a sheachaint:

  (a) foraoisiú le trí speiceas crann ar a laghad trína gcumhdaíonn gach speiceas crainn a úsáidtear 20 % ar a laghad de chomhdhéanamh iomlán na speiceas, ionas go gcloítear le comhdhéanamh na speiceas ar feadh na tréimhse faireacháin;

  (b) speicis cheannródaíochta a chaomhnú i limistéir foraoise oscailte agus i limistéir lomithreach;

  (c) crainn a ndearna an ghaoth damáiste dóibh agus adhmad marbh a choinneáil ar an láthair;

  (d) athghiniúint nádúrtha a chur chun cinn;

  (e) criosanna maolánacha bruachánacha a chothabháil feadh sruthanna sa limistéar gníomhaíochta.

## 5.3. Comhthairbhí inbhuanaitheachta eile

### *5.3.1. Comhthairbhí inbhuanaitheachta eile a léiriú*

Féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí comhthairbhí eile le haghaidh cuspóirí inbhuanaitheachta a thuairisciú. Féadfar na comhthairbhí sin a léiriú trí cheachtar díobh seo a leanas:

(a) cur chuige bunaithe ar ghníomhaíocht: glactar leis go mbeidh an chomhthairbhe ina toradh ar chleachtas sonrach a chur chun feidhme; nó

---

típeolaíochtaí beart le fáil ag https://biodiversity.europa.eu/europes-biodiversity/nature-restoration/reference-portal-for-nature-restoration-regulation/documentation

38 Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj.).

39 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

40 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj ).

41 Vallecillo et al., 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2760/13048

(b) cur chuige bunaithe ar thorthaí: déantar an chomhthairbhe a chainníochtú trí fheabhsuithe a léiriú os coinne táscairí inbhuanaitheachta ábhartha.

I gcás ina mbainfear leas as an gcur chuige atá bunaithe ar ghníomhaíocht dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (a), beidh sé léirithe i litríocht eolaíoch phiarmheasúnaithe, lena n-áirítear páipéir shintéise, meitea-athbhreithnithe nó meitea-anailísí, amhail, i gcás inarb infheidhme, Leabharlann fianaise an Choimisiúin, go bhfuil tionchair thairbheacha ag an gcleachtas i leith na gcuspóirí inbhuanaitheachta ábhartha nuair a chuirtear i bhfeidhm é i ndálaí peidichlíomacha comhchosúla.

I gcás ina n-úsáidfear cur chuige bunaithe ar thorthaí dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b), beidh na táscairí inbhuanaitheachta comhsheasmhach leis na táscairí agus na modheolaíochtaí is infheidhme faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoi reachtaíocht an Aontais, amhail Treoir (AE) 2025/2360 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] nó Rialachán (AE) 2024/1991.

Le scéimeanna deimhniúcháin, beifear in ann eolas a chomhroinnt maidir leis na cineálacha cur chuige a úsáidtear chun na comhthairbhí a léiriú.

*5.3.2. Samplaí de chomhthairbhí inbhuanaitheachta ón talmhaíocht agus ón agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha*

Áirítear sa liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas samplaí de chomhthairbhí le haghaidh cuspóirí inbhuanaitheachta:

(a) maolú ar an athrú aeráide, anuas ar an nglantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin agus ar an nglantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach a ghintear tríd an ngníomhaíocht, as a n-eascraíonn an méid seo a leanas:

(i)laghdú ar astaíochtaí GCT a bhaineann le húsáid innealra agus fuinnimh ar an bhfeirm;

(ii)laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le táirgeadh leasachán;

(b) oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear:

(i)feabhas a chur ar choinneáil uisce;

(ii)balcadh agus creimeadh ithreach a chosc;

(c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní uisce agus muirí agus iad a chosaint, lena n-áirítear:

(i)éifeachtúlacht fheabhsaithe úsáide uisce agus infhaighteacht mhéadaithe uisce;

(ii)insíothlú feabhsaithe i dtreo an screamhuisce agus cáilíocht fheabhsaithe uisce;

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe, amhail úsáid a bhaint as:

(i)níos lú acmhainní nó táirgí athúsáidte agus athchúrsáilte deimhnithe;

(ii)táirgí leasacháin atá déanta as ábhair aisghafa;

(e) cosc agus rialú ar thruailliú, lena n-áirítear laghdú ar thruailliú aeir, ithreach nó uisce;

[42] Treoir (AE) 2025/2360 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Samhain 2025 maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) (IO L, 2025/2360, 26.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2360/oj).

(f) an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach, chomh maith le díghrádú na talún a sheachaint, as a n-eascraíonn an méid seo a leanas:

(i)feabhas ar innéacs an fhéileacáin féarthalaimh;

(ii)feabhas ar sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta;

(iii)feabhas ar an innéacs éanlaithe talaimh feirme;

(iv)feabhas ar stádas éiceolaíoch ithreach.

*5.3.3. Samplaí de chomhthairbhí inbhuanaitheachta ó thailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú*

Áirítear sa liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas samplaí de chomhthairbhí le haghaidh cuspóirí inbhuanaitheachta:

(a) maolú ar an athrú aeráide, anuas ar na glanlaghduithe astaíochtaí ithreach a ghintear tríd an ngníomhaíocht, as a n-eascraíonn an méid seo a leanas:

(i)laghdú ar astaíochtaí GCT a bhaineann le húsáid innealra agus fuinnimh ar an bhfeirm;

(ii)laghdú ar astaíochtaí meatáin mar thoradh ar an athfhliuchadh[43];

(b) oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear:

(i)fuarú galaitheach méadaithe agus seoltacht theirmeach mhéadaithe san ithir/móin;

(ii)bainistiú riosca tubaistí, trí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Roinn 3.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún[44] a chomhlíonadh;

(c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní uisce agus muirí agus iad a chosaint, lena n-áirítear:

(i)infhaighteacht fheabhsaithe uisce agus feabhas ar éifeachtúlacht úsáide uisce;

(ii)coinneáil uisce mhéadaithe agus laghdú ar an riosca tuilte;

(iii)feabhas i dtaobh cháilíocht an uisce;

(iv)bonnsreabhadh méadaithe;

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe, amhail úsáid a bhaint as:

---

43 Mar shampla, trí chleachtais a áirítear i dTuarascáil Theicniúil Ramsar – an Coinbhinsiún maidir le Bogaigh. (2021). *Global guidelines for peatland rewetting and restoration.* Tuarascáil Theicniúil Ramsar Uimh. 11. Gland, an Eilvéis: Rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir le Bogaigh.

44 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L, 2023/2486, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2486/oj).

(i)bithmhais ón riascshaothrú;

(ii)codanna de phlandaí marbha, fuíoll bairr nó múirín mar leasachán orgánach;

(iii)ábhair aisghafa;

(e) truailliú a chosc agus a rialú, lena n-áirítear:

(i)más úsáid talmhaíochta a baineadh as an talamh sula ndearnadh é a athfhliuchadh, astaíochtaí díobhálacha fosfair sna huiscí dromchla a chosc nó a laghdú;

(ii)laghdú ar thruailliú aeir, ithreach nó uisce;

(iii) balcadh ithreach a sheachaint;

(f) an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach, chomh maith le díghrádú talún a sheachaint, rud a fhágann go mbíonn an méid seo a leanas ann dá bharr:

(i)feabhas ar innéacs an fhéileacáin féarthalaimh;

(ii)feabhas ar sciar an talaimh talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta;

(iii)feabhas ar an innéacs éanlaithe talaimh feirme;

(iv)maidir le riascshaothrú, feabhas ar struchtúr gnáthóige, ar shaibhreas speiceas, agus ar fheidhm éiceachórais.

*5.3.4. Samplaí de chomhthairbhí inbhuanaitheachta ón bhforaoisiú*

Áirítear sa liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas samplaí de chomhthairbhí le haghaidh cuspóirí inbhuanaitheachta:

(a) maolú ar an athrú aeráide, anuas ar an nglantairbhe aistrithe shealadaigh carbóin agus ar an nglantairbhe laghdaithe astaíochtaí ithreach a ghintear tríd an ngníomhaíocht, as a n-eascraíonn an méid seo a leanas:

(i)laghdú ar astaíochtaí GCT ó neamhúsáid leasachán, i gcás nach bhfuil sé sin sainordaitheach faoin reachtaíocht náisiúnta;

(ii)laghdú ar astaíochtaí GCT ó úsáid crann óg atá saor ó mhóin;

(iii)laghdú ar astaíochtaí GCT a bhaineann le húsáid innealra agus fuinnimh;

(iv)stóráil carbóin in adhmad marbh agus/nó i mbruscar a mhéadú;

(b) oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear:

(i)feabhas ar chosc tuilte agus cúrsaíocht fheabhsaithe uisce;

(ii)rialáil miocraeráide;

(iii)athléimneacht fheabhsaithe;

(c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní uisce agus muirí agus iad a chosaint, lena n-áirítear:

(i)feabhas i dtaobh cháilíocht an uisce;

(ii)coinneáil uisce fheabhsaithe agus laghdú ar an riosca tuilte;

(iii)cosaint éiceachóras muirí;

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe, lena n-áirítear:

(i)táirgeadh inbhuanaithe bithmhaise;

(ii)aisghabháil fuinnimh as aon ábhar nádúrtha (orgánach) arna dhó agus aon dramhaíl oiriúnach eile;

(iii)úsáid táirgí deimhnithe in-athúsáidte, in-athchúrsáilte nó athchúrsáilte, e.g. potaí plandaí, cosantóirí crainn;

(e) truailliú a chosc agus a rialú, lena n-áirítear:

(i)teorainn le giniúint dramhaíola;

(ii)laghdú ar thruailliú aeir, ithreach nó uisce;

(f) an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach, agus díghrádú talún a sheachaint, rud a fhágann go mbíonn an méid seo a leanas ann dá bharr sin:

(i)feabhas ar adhmad marbh atá ina sheasamh;

(ii)feabhas ar adhmad marbh atá ina luí;

(iii)feabhas ar sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach;

(iv)feabhas ar nascacht foraoise;

(v)feabhas ar an sciar d’fhoraoisí arb iad speicis crann dúchasach is mó atá iontu;

(vi) feabhas ar éagsúlacht speiceas crann;

(vii) feabhas ar an innéacs éan foraoise coiteann.